Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/0555(COD)

28/05/2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas (‘CEI’) a bhunú, lena n-áirítear an clár sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i réimse na cosanta, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/697, (AE) 2021/783, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/696, (AE) 2023/588, (AE) [EDIP]
(COM(2025)0555 – C10-0165/2025 – 2025/0555(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Grégory Allione

PA_Legam

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta in iúl don Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Tá tréimhse chinniúnach roimh an Aontas maidir lena thodhchaí, ó thaobh na polaitíochta, na heacnamaíochta, na sochaí, an chomhshaoil, na haeráide agus na slándála de, lena n-áirítear rioscaí méadaithe maidir le bagairtí míleata coinbhinsiúnacha. I dtuarascáil Draghi maidir le todhchaí Iomaíochas na hEorpa, cuireadh fís nua i láthair chun borradh a chur faoin bhfás inbhuanaithe san Eoraip an athuair. Leagadh amach i dtuarascáil Letta nach mór don Eoraip a Margadh Aonair a ghiaráil chun seasamh ceannaireachta a bhaint amach san iomaíocht dhomhanda. Leis an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gCompás Iomaíochais, soláthraíodh treochlár chun borradh a chur faoin iomaíochas, ag tógáil ar mholtaí na dtuarascálacha sin. Leagadh amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan an gá atá le dlús a chur leis an dícharbónú, leis an ationsclú agus leis an nuálaíocht, lena dtugtar le chéile gníomhú ar son na haeráide agus iomaíochas faoi fhás uileghabhálach amháin. Is éard is aidhm do Phleananna Gníomhaíochta Tionsclaíocha Earnála, amhail Gluaisteáin, Cruach agus Miotail agus Ceimiceáin ná iomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht fhadtéarmach thionscal na hEorpa a áirithiú. Le Staid na Deacáide Digití 2025, cuirtear i dtábhacht an gá práinneach atá le comhar a chothú agus infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a mhéadú chun	(2) Tá tréimhse chinniúnach roimh an Aontas maidir lena thodhchaí, ó thaobh na polaitíochta, na heacnamaíochta, na sochaí, an chomhshaoil, na haeráide agus na slándála de, lena n-áirítear rioscaí méadaithe maidir le bagairtí míleata coinbhinsiúnacha. ***Sa chomhthéacs sin, ní mór acquis sóisialta an Aontais agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chomhlánú le hiomaíochas an Aontais a neartú, ardchaighdeáin shóisialta a choinneáil ar bun agus a neartú agus a áirithiú go mbeidh tairbhí nithiúla do na saoránaigh uile mar thoradh ar iomaíochas a shaothrú agus nach bhfágfar aon duine ar lár***. I dtuarascáil Draghi ar thodhchaí Iomaíochas na hEorpa, cuireadh fís nua i láthair chun borradh a chur faoin bhfás inbhuanaithe san Eoraip an athuair. Leagadh amach i dtuarascáil Letta nach mór don Eoraip a Margadh Aonair a ghiaráil chun seasamh ceannaireachta a bhaint amach san iomaíocht dhomhanda. Leis an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gCompás Iomaíochais, soláthraíodh treochlár chun borradh a chur faoin iomaíochas, ag tógáil ar mholtaí na dtuarascálacha sin. Leagadh amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún faoin gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan[6] an gá atá le dlús a chur leis an dícharbónú, leis an ationsclú agus leis an nuálaíocht, lena dtugtar le chéile gníomhú ar son na haeráide agus iomaíochas faoi ***chlár oibre fáis*** uileghabhálach amháin. Is

ceannaireacht dhigiteach, ceannasacht agus cuimsitheacht an Aontais a neartú. Cuirtear i dtábhacht sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa an gá atá le hathinfheistiú ollmhór agus tapa sa chosaint chun tacú le saoirse ghníomhaíochta na hEorpa. Thairis sin, cuirtear tuilleadh béime i dtosaíochtaí na Straitéise Slándála Eacnamaíche ar an ngá ríthábhachtach atá le buntáiste teicneolaíoch an Aontais a dhaingniú agus caidreamh eacnamaíoch an Aontais a dhírioscú, lena n-áirítear trí athléimneacht na slabhraí soláthair a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, spleáchais a laghdú. Leagtar amach sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan an gá atá le feabhas a chur ar an iomaíochas agus dlús a chur leis an aistriú straitéiseach ar fud earnálacha an gheilleagair ghoirm, ag díriú go háirithe ar dhícharbónú agus ar an nuálaíocht a uas-scálú. Mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an mBóthar i dTreo an Chéad CAI eile, ní mór don chéad bhuiséad fadtéarmach eile de chuid an Aontais a bheith níos dírithe, níos simplí, níos solúbtha agus níos intuartha agus ní mór dó tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear iomaíochas an Aontais a neartú.

é is aidhm do Phleananna Gníomhaíochta Tionsclaíocha Earnála, amhail Gluaisteáin, Cruach agus Miotail agus Ceimiceáin ná iomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht fhadtéarmach thionscal na hEorpa a áirithiú. Le Staid na Deacáide Digití 2025[7], cuirtear i dtábhacht an gá práinneach atá le comhar a chothú agus infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a mhéadú chun ceannaireacht dhigiteach, ceannasacht agus cuimsitheacht an Aontais a neartú ***agus an bhearna dhigiteach a dhúnadh***. Cuirtear i dtábhacht sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa an gá atá le hathinfheistiú ollmhór agus tapa sa chosaint chun tacú le saoirse ghníomhaíochta na hEorpa. Thairis sin, cuirtear tuilleadh béime i dtosaíochtaí na Straitéise Slándála Eacnamaíche ar an ngá ríthábhachtach atá le buntáiste teicneolaíoch an Aontais a dhaingniú agus caidreamh eacnamaíoch an Aontais a dhírioscú, lena n-áirítear trí athléimneacht na slabhraí soláthair a fheabhsú agus, sa tslí sin, spleáchais a laghdú. Leagtar amach sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan an gá atá le feabhas a chur ar an iomaíochas agus dlús a chur leis an aistriú straitéiseach ar fud earnálacha an gheilleagair ghoirm, ag díriú go háirithe ar dhícharbónú agus ar an nuálaíocht a uas-scálú. ***Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Iomaíochas feidhm a bhaint as beartas tionsclaíoch láidir Eorpach a bheidh dírithe ar spriocanna sonracha cinntitheacha do thodhchaí iomaíochas na hEorpa, infheistiú san aistriú chun na haeráidneodrachta, chomh maith le spleáchais ar thíortha nach Ballstáit iad in earnálacha criticiúla a theorannú.*** Mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an mBóthar i dTreo an Chéad CAI[9] eile, ní mór do chéad bhuiséad fadtéarmach eile an Aontais a bheith níos dírithe, níos simplí, níos solúbtha agus níos intuartha agus ní mór dó tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach ar shlí níos fearr, lena n-áirítear iomaíochas an Aontais a neartú ***fad a***

neartóar comhtháthú sóisialta agus críochach freisin.

---

[3] Todhchaí iomaíochas na hEorpa: Tuarascáil ó Mario Draghi, Meán Fómhair 2024, https://commission.europa.eu/topics/eu-competitiveness/draghi-report_en

[4] Tuarascáil Enrico Letta maidir le Todhchaí an Mhargaidh Aonair, Aibreán 2024, https://www.consilium.europa.eu/media/ny3j24sm/much-more-than-a-market-report-by-enrico-letta.pdf.

[5] An compás iomaíochais - an Coimisiún Eorpach

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún dar teideal An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú, COM(2025) 85 deiridh, 26.2.2025.

[7] COM(2025) 290 final - Staid na Deacáide Digití 2025: Leanúint de cheannasacht agus todhchaí dhigiteach an Aontais a thógáil.

[8] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle maidir leis an European Economic Security Strategy [Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch], JOIN(2023) 20 final, 20.6.2023.

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Bóthar i dTreo an Chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil Eile COM(2025) 46 final, 11.2.2025.

---

[3] Todhchaí iomaíochas na hEorpa: Tuarascáil ó Mario Draghi, Meán Fómhair 2024, https://commission.europa.eu/topics/eu-competitiveness/draghi-report_en

[4] Tuarascáil Enrico Letta ar Thodhchaí an Mhargaidh Aonair, Aibreán 2024, https://www.consilium.europa.eu/media/ny3j24sm/much-more-than-a-market-report-by-enrico-letta.pdf.

[5] An compás iomaíochais - an Coimisiún Eorpach

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún dar teideal An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú, COM(2025) 85 deiridh, 26.2.2025.

[7] COM(2025) 290 final - Staid na Deacáide Digití 2025: Leanúint de cheannasacht agus todhchaí dhigiteach an Aontais a thógáil.

[8] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle maidir leis an European Economic Security Strategy [Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch], JOIN(2023) 20 final, 20.6.2023.

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Bóthar i dTreo an Chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil Eile COM(2025) 46 final, 11.2.2025.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Chun a bhuntáiste iomaíoch a athghabháil agus a threisiú, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaidh an tAontas an timthriall nuálaíochta a athbheochan trína chumas nuálaíochta suaití a fhorbairt agus trí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn a bhfuil acmhainneacht mhór eacnamaíoch acu. Chun a neamhspleáchas sa gheilleagar domhanda a áirithiú, ba cheart don Aontas a cheannaireacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch in earnálacha straitéiseacha a ráthú, ag tosú le slabhraí soláthair amhábhar criticiúil, chun teicneolaíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus a mhonarú san Eoraip, chomh maith le rioscaí a mhaolú a dhéanann difear dá shlándáil agus dá athléimneacht a eascraíonn as spleáchais sheachtracha chriticiúla. Is féidir é sin a dhéanamh trí aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh agus ar chásanna infheistíochta fo-optamacha, ar bhealach comhréireach agus gan cistiú príobháideach a phlódú, i bhfianaise na riachtanas ard infheistíochta chun tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear le haghaidh an dícharbónaithe agus an aistrithe ***dhigitigh***. Ba cheart tábhacht níos mó a chur i rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a ghiaráil trí fheabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as sásraí roinnte riosca idir cistí an Aontais agus infheisteoirí príobháideacha, chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as cistiú poiblí. Cuirfidh sé sin leis, agur méadóidh sé ar, an tionchar a bhí ag an dul chun cinn atá déanta ar an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, rud a sholáthróidh an tírdhreach rialála is gá d'infheistíochtaí	(3) Chun a bhuntáiste iomaíoch a athghabháil agus a threisiú, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaidh an tAontas an timthriall nuálaíochta a athbheochan trína chumas nuálaíochta suaití a fhorbairt agus trí infheistiú i dteicneolaíochtaí straitéiseacha éiritheacha úrnua, ina bhfuil poitéinseal suaithinseach eacnamaíoch, teicneolaíoch, shóisialta agus chomhshaoil ***chomh maith le forbairt scileanna gaolmhara an lucht saothair agus bearta cumasúcháin tionlacain***. Chun a neamhspleáchas sa gheilleagar domhanda a áirithiú, ba cheart don Aontas a cheannaireacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch in earnálacha straitéiseacha a ráthú, ag tosú le slabhraí soláthair amhábhar criticiúil, chun teicneolaíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus a mhonarú san Eoraip, chomh maith le rioscaí a mhaolú a dhéanann difear dá shlándáil agus dá athléimneacht a eascraíonn as spleáchais sheachtracha chriticiúla. Is féidir é sin a dhéanamh trí aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh agus ar chásanna infheistíochta fo-optamacha, ar bhealach comhréireach agus gan cistiú príobháideach a phlódú, i bhfianaise na riachtanas ard infheistíochta chun tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear le haghaidh dícharbónú, ceannaireacht dhigiteach agus an gá atá le haistriú cóir a áirithiú ***ina dtacaítear le fostaíocht ardchaighdeáin agus le claochlú an lucht saothair***. Ba cheart tábhacht níos mó a chur i rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a ghiaráil trí fheabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as sásraí roinnte riosca idir cistí an Aontais agus infheisteoirí príobháideacha, chun a

príobháideacha chun go mbeidh rath orthu. Tá úsáid aon acmhainní náisiúnta breise gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 CFAE.

áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as cistiú poiblí. Cuirfidh sé sin leis, agur méadóidh sé ar, an tionchar a bhí ag an dul chun cinn atá déanta ar an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, rud a sholáthróidh an tírdhreach rialála is gá d'infheistíochtaí príobháideacha chun go mbeidh rath orthu. Tá úsáid aon acmhainní náisiúnta breise gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 CFAE.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Éilítear leis sin go dtairgeann cistiú ón Aontas tacaíocht do ghnólachtaí agus do thionscadail feadh an aistir infheistíochta ar fad. Cuimsítear leis an aistear sin na céimeanna uile a bhaineann le teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí straitéiseacha a fhorbairt agus a mhonarú san Eoraip, ó thaighde feidhmeach, go dtí gach cineál nuálaíochta, uas-scálaithe, cur in úsáid tionsclaíoch, monaraíochta agus cur in úsáid sa mhargadh, lena n-áirítear an tacaíocht is gá maidir le costais infheistíochta agus oibríochtúla, bonneagar agus scileanna. Níl an t-aistear infheistíochta líneach toisc go gcuireann na céimeanna uile lena chéile, agus d'fhéadfadh smaointe le haghaidh táirgí nó seirbhísí nua teacht chun cinn ag céim ar bith. Ní mór don chistiú Eorpach freastal ar an réaltacht neamhlíneach sin le solúbthacht mhéadaithe maidir le tacaíocht a sholáthar chun intuarthacht le haghaidh cistiúcháin a chaomhnú.	(4) Chuige sin, ní mór do chistiú ón Aontas tacaíocht a tahbhairt do ghnóthaí agus do thionscadail feadh an aistir infheistíochta ar fad ***chun iomaíochas a neartú, acmhainneacht fhadtéarmach a fhorbairt agus cur le fostaíocht ardcháilíochta***. Cuimsítear leis an aistear sin na céimeanna uile a bhaineann le teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí straitéiseacha a fhorbairt agus a mhonarú san Eoraip, ó thaighde feidhmeach, go dtí gach cineál nuálaíochta, uas-scálaithe, cur in úsáid tionsclaíoch, monaraíochta agus cur in úsáid sa mhargadh, lena n-áirítear an tacaíocht is gá i gcás costais infheistíochta agus oibríochtúla, go háirithe i gcás bonneagar agus ***forbairt*** scileanna. Níl an t-aistear infheistíochta líneach toisc go gcuireann na céimeanna uile lena chéile, agus d'fhéadfadh smaointe le haghaidh táirgí nó seirbhísí nua teacht chun cinn ag céim ar bith. Ní mór don chistiú Eorpach freastal ar an réaltacht neamhlíneach sin le solúbthacht mhéadaithe maidir le tacaíocht a sholáthar chun intuarthacht le haghaidh cistiúcháin a chaomhnú.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Éilítear leis sin freisin go n-éascóidh cistiú ón Aontas cruthú agus leathnú éiceachóras nuálach agus tionsclaíoch, ina n-idirghníomhaíonn gníomhaithe éagsúla ar bhealach sineirgeach. Tá idirghníomhaíochtaí diana solúbtha agus comhar idir cuideachtaí beaga agus móra, institiúidí taighde ollscoileanna, soláthraithe bonneagair, infheisteoirí chomh maith le húdaráis phoiblí mar chuid d'éiceachórais rathúla. Gan comhar den sórt sin laistigh d'éiceachórais nuálaíochta agus thionsclaíocha aonair, agus gan an comhar sin a bheith eatarthu, fágtar acmhainneacht na nuálaíochta gan saothrú.	(5) Éilítear leis sin freisin go n-éascóidh cistiú ón Aontas cruthú agus leathnú éiceachóras nuálach agus tionsclaíoch, ina n-idirghníomhaíonn gníomhaithe éagsúla ar bhealach sineirgeach. Tá idirghníomhaíochtaí diana solúbtha agus comhar idir cuideachtaí beaga agus móra, institiúidí taighde ollscoileanna, soláthraithe bonneagair, infheisteoirí chomh maith le húdaráis phoiblí ***lena n-áirítear údaráis áitiúla agus réigiúnacha, soláthraithe oideachais agus oiliúna lena n-áirítear ardoideachas agus oiliúint ghairmiúil, le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na bhfiontar sóisialta i gcás inarb ábhartha***. Gan comhar den sórt sin laistigh d'éiceachórais nuálaíochta agus thionsclaíocha aonair, agus gan an comhar sin a bheith eatarthu, fágtar acmhainneacht na nuálaíochta gan saothrú.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Tá nascacht dhigiteach ríthábhachtach chun comhar laistigh den éiceachóras a chothú, dlús a chur leis an nuálaíocht, rochtain rianúil shlán ar acmhainneachtaí digiteacha criticiúla agus ar réitigh dhigiteacha chriticiúla ar fud an Aontais a chumasú, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí trasteorann a éascú, agus idir-inoibritheacht agus costéifeachtacht a chothú.	(6) Tá nascacht dhigiteach ríthábhachtach chun comhar laistigh den éiceachóras a chothú, dlús a chur leis an nuálaíocht, rochtain rianúil shlán ar acmhainneachtaí digiteacha criticiúla agus ar réitigh dhigiteacha chriticiúla ar fud an Aontais a chumasú, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí trasteorann a éascú, ***scileanna digiteacha agus litearthachta a mhéadú do chách*** agus idir-inoibritheacht agus costéifeachtacht a chothú.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) Tá sé d'aidhm ag CEI acmhainneacht tháirgiúil, nuálach agus dhaonna a réigiún uile a dhíghlasáil lena n-áiritheofar iomaíochas ar fud na hEorpa, ina gcuirfear leis an gcóineasú sóisialta aníos. Is stór suaithinseach tearcúsáidte d'acmhainneacht thionsclaíoch, de scileanna agus de chaipiteal daonna iad na réigiúin bheagfhorbartha agus na tíortha comhtháthaithe atá fíor-riachtanach chun uathriail straitéiseach agus iomaíochas fadtéarmach an Aontais a neartú. Ba cheart don Chiste cur le héagothromaíochtaí iomaíochais idir na Ballstáit agus na réigiúin a laghdú trí thacú le poist ardcháilíochta, scileanna agus cumais thionsclaíocha a fhorbairt. Ba cheart go bhfolódh sé sin bearta fothaithe acmhainneachta, rochtain níos fearr ar oiliúint agus ar fhorbairt scileanna agus rochtain shimplithe ar chistiú.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8b) Ba cheart claochlú tionsclaíoch a fhaigheann tacaíocht ón gCiste a bheith fréamhaithe go críochach chun acmhainneacht tháirgiúil a chothabháil, díthionsclú tobann a chosc agus éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha a neartú. Ba cheart don infheistíocht i dteicneolaíochtaí straitéiseacha cur le hinmharthanacht fhadtéarmach láithreán tionsclaíoch agus lena gcomhtháthú i

slabhraí luacha Eorpacha, agus sa tslí sin tacú le fostaíocht ardcháilíochta, le comhtháthú réigiúnach agus le héiceachórais thionsclaíocha fhreagracha ar fud an Aontais.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ba cheart don Choimisiún comhordú docht agus sineirgí a áirithiú idir foinsí cistiúcháin uile an Aontais in CAI. Chun na críche sin, beidh dlúthbhaint ag an gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht le CEI: chun a áirithiú go ndéanfaidh tionscal na hEorpa torthaí taighde arna gcistiú ag an Aontas a ghiaráil chun nuálaíocht agus táirgeacht san Eoraip a chur chun cinn. Chun sineirgí a chothú, ba cheart na cláir oibre arna nglacadh faoin Rialachán seo i gcuid shonrach thiomnaithe a chomhtháthú agus comhleanúnachas a áirithiú leis an gcomhpháirt 'Iomaíochas', Cuid II 'Iomaíochas agus Sochaí' de Rialachán (AE) [XXX][10] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht][11], i gcomhréir leis an nós imeachta coiste a leagtar amach sa Rialachán seo. Thairis sin, áiritheoidh CEI comhleanúnachas leis na cineálacha gníomhaíochtaí atá beartaithe a chur chun feidhme faoin gCiste don Nuálaíocht, go háirithe agus cláir oibre á bhforbairt.	(10) Ba cheart don Choimisiún comhordú docht agus sineirgí a áirithiú idir foinsí ***maoiniúcháin*** uile an Aontais in CAI. Chun na críche sin, beidh dlúthbhaint ag an gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht le CEI: chun a áirithiú go ndéanfaidh tionscal na hEorpa torthaí taighde arna gcistiú ag an Aontas a ghiaráil chun nuálaíocht agus táirgeacht san Eoraip a chur chun cinn. Chun sineirgí a chothú, ba cheart na cláir oibre arna nglacadh faoin Rialachán seo i gcuid shonrach thiomnaithe a chomhtháthú agus comhleanúnachas a áirithiú leis an gcomhpháirt 'Iomaíochas', Cuid II 'Iomaíochas agus Sochaí' de Rialachán (AE) [XXX][10] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht][11], i gcomhréir leis an nós imeachta coiste a leagtar amach sa Rialachán seo. ***Thairis sin, leis na cláir oibre a ghlactar faoin Rialachán seo, ba cheart forbairt scileanna agus gníomhaíochtaí infheistíochta gaolmhara a chomhtháthú, i gcuid thiomnaithe shonrach, agus comhleanúnachas le hAontas na Scileanna a áirithiú chun cur le fostaíocht ardcháilíochta agus le ganntanais scileanna in earnálacha straitéiseacha a laghdú, agus comhairle Bhord Geallsealbhóirí Straitéiseacha CEI á cur i gcuntas.*** Thairis sin, áiritheoidh CEI comhleanúnachas leis na cineálacha gníomhaíochtaí atá beartaithe a chur chun feidhme faoin gCiste don Nuálaíocht, go

	háirithe agus cláir oibre á bhforbairt.
10 IO L ..., lch. ...	10 IO L ..., lch. ...
[11] COM(2025) 543	[11] COM(2025) 543

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a) I gcás bearta a bhaineann le táirgí nó seirbhísí straitéiseacha, féadfar a áireamh sna critéir dhámhachtana tosaíocht do tháirgí agus do sheirbhísí a mhonaraítear san Aontas Eorpach nó i Stáit CSTE, i gcás inar gá chun slabhraí luacha Eorpacha a neartú agus spleáchais straitéiseacha a laghdú, i gcomhréir le cuspóirí an Ghnímh um Dhlús a Chur leis an Tionsclaíocht atá beartaithe chun acmhainneacht thionsclaíoch agus uathriail straitéiseach na hEorpa a threisiú.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Chun sineirgí a chothú idir gníomhaíochtaí faoi CEI agus faoin gCiste don Nuálaíocht, ba cheart comhleanúnachas a áirithiú i gcláir oibre CEI leis na tosaíochtaí agus na cineálacha gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a chistiú faoin gCiste don Nuálaíocht. I dteannta a chéile, soláthróidh CEI, Fís Eorpach agus an Ciste don Nuálaíocht tacaíocht chomhleanúnach d'iomaíochas an Aontais.	(11) Chun sineirgí a chothú idir gníomhaíochtaí faoi CEI agus faoin gCiste don Nuálaíocht, ba cheart comhleanúnachas a áirithiú i gcláir oibre CEI leis na tosaíochtaí agus na cineálacha gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a chistiú faoin gCiste don Nuálaíocht. I dteannta a chéile, soláthróidh CEI, Fís Eorpach, ***Aontas na Scileanna*** agus an Ciste don Nuálaíocht tacaíocht chomhleanúnach d'iomaíochas an Aontais.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) I dtuarascáil Draghi, éilítear níos mó tacaíochta infheistíochta chun an bhearna infheistíochta a dhúnadh agus aithnítear inti gurb é InvestEU an phríomhionstraim comhroinnte riosca is ceart a úsáid. Ba cheart d'Ionstraim InvestEU CEI ráthaíocht bhuiséadach aonair a chur ar bun agus ionstraimí airgeadais a sholáthar chun tacú le hiomaíochas an Aontais.	(15) I dtuarascáil Draghi, éilítear níos mó tacaíochta infheistíochta chun an bhearna infheistíochta a dhúnadh agus aithnítear inti gurb é InvestEU an phríomhionstraim comhroinnte riosca is ceart a úsáid. Ba cheart d'Ionstraim InvestEU CEI ráthaíocht bhuiséadach aonair a bhunú agus ionstraimí airgeadais a chur ar fáil chun tacú le hiomaíochas AE, ***le fostaíocht ardcháilíochta agus le haistriú cóir lena n-áirítear tacaíocht do bhonneagar sóisialta go háirithe tithíocht, infheistíocht shóisialta lena n-áirítear micreamhaoiniú agus maoiniú fiontair shóisialta agus oideachas, oiliúint agus forbairt scileanna ar féidir léi gníomhú mar chumasóirí straitéiseacha chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a neartú, tacú le fáil lucht saothair, caipiteal daonna a fheabhsú, agus cur le comhtháthú sóisialta, fás inbhuanaithe agus athléimneacht gheilleagar an Aontais***.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Ba cheart do CEI rochtain ar chistiú ó chláir an Aontais a éascú trí nósanna imeachta atá úsáideoir-lárnach, tapa, níos simplí agus comhchuibhithe agus ba cheart dó feabhas a chur le comhleanúnachas idir ionstraimí an Aontais agus le hinfheistíochtaí na mBallstát. Ba cheart do CEI na tairbhithe ó chistiú an Aontais, agus go háirithe lucht tionscail, FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí	(17) Ba cheart do CEI rochtain ar chistiú ó chláir an Aontais a éascú trí nósanna imeachta atá úsáideoir-lárnach, tapa, níos simplí agus comhchuibhithe agus ba cheart dó feabhas a chur le comhleanúnachas idir ionstraimí an Aontais agus le hinfheistíochtaí na mBallstát. Ba cheart do CEI na tairbhithe ó chistiú an Aontais, agus go háirithe lucht tionscail, FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí

atá ag méadú, lena n-áirítear iad siúd a bunaíodh faoin 28ú córas atá ar na bacáin, a chur i gcroílár dhearadh ionstraimí cistiúcháin an Aontais.

atá ag méadú ***agus fiontair shóisialta***, lena n-áirítear iad siúd a bunaíodh faoin 28ú córas atá ar na bacáin, a chur i gcroílár dhearadh ionstraimí cistiúcháin an Aontais ***lena gcinntítear nach n-eisiatar tairbhithe níos lú le ceanglais riaracháin ná cómhaoinithe.***

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18a) I gcás ina gcuirfidh mórshuaitheadh eacnamaíoch nó suaitheadh geopholaitiúil acmhainneacht thionsclaíoch straitéiseach i mbaol, féadfaidh an Ciste tacú le bearta athléimneachta sealadacha arb é is aidhm dóibh acmhainneacht táirgeachta a chaomhnú, fostaíocht ardcháilíochta a chosaint agus slabhraí luacha straitéiseacha a choinneáil ar bun laistigh den Aontas. Ba cheart do na bearta sin cur le claochlú fadtéarmach agus iomaíochas na n-earnálacha a fhaigheann tacaíocht.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Is cumasóir fíor-riachtanach é an bonneagar d'iomaíochas na hEorpa. Is coinníoll riachtanach iad infheistíochtaí i mbonneagar d'fheidhmiú cuí mhargadh aonair an Aontais, don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus chun athléimneacht agus slándáil an Aontais a mhéadú. Mar shampla, cothaíonn an gréasán tras-Eorpach iompair cineálacha	(19) Is cumasóir fíor-riachtanach é an bonneagar d'iomaíochas na hEorpa. Is coinníoll riachtanach iad infheistíochtaí i mbonneagar d'fheidhmiú cuí mhargadh aonair AE, don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus chun athléimneacht agus slándáil an Aontais, agus shaoránaigh an Aontais, a mhéadú. ***Tá ról lárnach ag bonneagar a bhaineann le fuinneamh,***

inbhuanaithe iompair, cuireann sé réitigh dhigiteacha agus iompair ilmhódacha agus idir-inoibritheacha fheabhsaithe chun cinn, rud a rannchuidíonn le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Tá na gréasáin thras-Eorpacha fuinnimh ríthábhachtach d'fhíor-Aontas Fuinnimh chun cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais a chumasú trí eangacha leictreachais agus fuinnimh ghlain thíortha an Aontais a nascadh le chéile chun ár neamhspleáchas fuinnimh agus ár n-iomaíochas a áirithiú. Chuige sin, tá sé fíor-riachtanach idirnascairí trasteorann, tarchur intíre agus córais dáileacháin a fhorbairt. Oibreoidh tacaíocht CEI ar bhonn comhleanúnachais agus comhlántachta leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE). Tá sé fíor-riachtanach d'iomaíochas na hEorpa foráil a dhéanamh maidir le sineirgí idir forbairt gréasán tras-Eorpach fuinnimh agus iompair ag a bhfuil tionchar láidir trasteorann agus a fhaigheann tacaíocht ó SCE, agus a fhaigheann tacaíocht infheistíochta chun bonneagar iompair, fuinnimh agus digiteach a dhícharbónú, a nuachóiriú agus a leathnú faoi CEI.	***uisce, iompar, nascacht dhigiteach, agus bonneagar sóisialta amhail tithíocht, oideachas agus cúram na luath-óige, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach agus oideachas agus oiliúint chuimsitheach lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint i ngníomhaíocht eacnamaíoch, uas-sciliú agus athsciliú ar scála, rannpháirtíocht i margadh an tsaothair agus comhtháthú críochach a chumasú agus feidhmíonn sé mar chumasóirí straitéiseacha d'iomaíochas agus d'athléimneacht an Aontais***. Mar shampla, cothaíonn an gréasán tras-Eorpach iompair cineálacha inbhuanaithe iompair, cuireann sé réitigh dhigiteacha agus iompair ilmhódacha agus idir-inoibritheacha fheabhsaithe chun cinn, rud a rannchuidíonn le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Tá na gréasáin thras-Eorpacha fuinnimh ríthábhachtach d'fhíor-Aontas Fuinnimh chun cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais a chumasú trí eangacha leictreachais agus fuinnimh ghlain thíortha an Aontais a nascadh le chéile chun ár neamhspleáchas fuinnimh agus ár n-iomaíochas a áirithiú. Chuige sin, tá sé fíor-riachtanach idirnascairí trasteorann, tarchur intíre agus córais dáileacháin a fhorbairt. Oibreoidh tacaíocht CEI ar bhonn comhleanúnachais agus comhlántachta leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE). Tá sé fíor-riachtanach d'iomaíochas na hEorpa foráil a dhéanamh maidir le sineirgí idir forbairt gréasán tras-Eorpach fuinnimh agus iompair ag a bhfuil tionchar láidir trasteorann agus a fhaigheann tacaíocht ó SCE, agus a fhaigheann tacaíocht infheistíochta chun bonneagar iompair, fuinnimh agus digiteach a dhícharbónú, a nuachóiriú agus a leathnú faoi CEI.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19a) Ní féidir le hinfheistíocht an Aontais i dteicneolaíochtaí straitéiseacha agus in acmhainneacht thionsclaíoch a tionchar iomlán a bhaint amach ach amháin i gcás ina mbeidh rochtain ag cuideachtaí agus ag réigiúin ar na scileanna is gá chun teicneolaíochtaí nua a chur in úsáid, a oibriú agus a mhéadú. Beidh athruithe móra ar phróisis táirgthe, ar shlabhraí luacha tionsclaíocha agus ar phróifílí gairme i gceist leis na haistrithe glana agus digiteacha. Is príomhspreagthaí d'iomaíochas agus d'fhás AE iad fáil lucht saothair atá oilte go cuí a áirithiú agus poist ardcháilíochta a chruthú trí phoitéinseal táirgiúlachta agus athléimneachta an Aontais a mhéadú agus trí speisialtóireacht in earnálacha ard-bhreisluacha a neartú. I gcás ina mbeidh ganntanas scileanna fós ann, féadfaidh cur in úsáid tionsclaíoch moill a chur, féadfaidh scaipeadh nuálaíochta a bheith srianta, agus féadfaidh infheistíocht aistriú chun suíomhanna ina bhfuil na cumais riachtanacha ar fáil. Ba cheart tacaíocht do scileanna faoin gCiste a dhíriú ar riachtanais na n-earnálacha straitéiseacha, na dteicneolaíochtaí agus na slabhraí luacha a fhaigheann tacaíocht ón gCiste, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil claochlú tionsclaíoch substaintiúil ag teacht orthu, d'fhonn cur in úsáid tionsclaíoch a éascú, scrogaill i dtáirgeadh agus i méadú a laghdú agus éifeachtacht infheistíocht an Aontais a mhéadú.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19b) de bhrí go n-aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta a ghlac an Coimisiún an 9 Nollaig 2021 an ról lárnach atá ag an ngeilleagar sóisialta agus ag fiontair shóisialta i ngeilleagair áitiúla agus réigiúnacha a neartú, fás cuimsitheach a chothú agus tacú le comhtháthú críochach ar fud an Aontais;

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(20a) Tá ganntanas leanúnach scileanna roimh an Aontas in earnálacha straitéiseacha agus tá méadú ag teacht ar an iomaíocht dhomhanda le haghaidh tallann ardcháilithe, a bhuaileann a chumas nuálaíochta, gnóthtaí a mhéadú agus earnálacha straitéiseacha a fhorbairt atá ina mbacainn ar fhás táirgiúlachta agus ar nuálaíocht. Cuirtear i dtábhacht freisin i dTuarascáil Bhliantúil 2026 ar an Margadh Aonair agus ar an Iomaíochas go gcruthaíonn nósanna imeachta aitheantais anásta i gcás scileanna agus cáilíochtaí gairmiúla bacainní ar iontráil agus go laghdaíonn siad soghluaisteacht mhargadh an tsaothair, a chuireann le mímheaitseáil scileanna agus le ganntanais lucht saothair ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. Sa chomhthéacs sin, is spreagadh tábhachtach do gheilleagar na hEorpa í an tsoghluaisteacht chothrom, agus ba cheart, mar sin, an Ciste Eorpach um Iomaíochas a chur chun feidhme i gcomhréir le hAontas na Scileanna agus le hiarrachtaí chun bacainní a bhaint ó shoghluaisteacht an lucht saothair in

earnálacha straitéiseacha, lena n-áirítear trí phrintíseachtaí trasteorann agus trí chomhar feabhsaithe idir na Ballstáit, chun cuidiú le hinfheisteoirí, comhpháirtithe gnó agus gairmithe oilte a mhealladh, ar infheisteoirí, comhpháirtithe gnó agus gairmithe iad a bhfuil gá leo le haghaidh iomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta an Aontais.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Is i muintir an Aontais atá neart iomaíochta an Aontais. Sainaithnítear sa Chompás Iomaíochais scileanna agus poist ardcháilíochta a chur chun cinn mar chumasóir cothrománach. Cuirtear i dtábhacht sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach ‘tar éis na teachtaireachta ón gCoimisiún an 5 Márta 2025 maidir le hAontas na Scileanna, gur cheart tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar shealbhú, aitheantas agus coinneáil scileanna ar fud an Aontais, ó scileanna bunúsacha a thógáil go gabháil d’fhoghlaim ar feadh an tsaoil, d’athsciliú agus d’uas-sciliú, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus lena Phlean Gníomhaíochta’. Tá idirphlé láidir mar chuid de sin. Tá caipiteal daonna ríthábhachtach do rathúnas an Aontais, dá athléimneacht eacnamaíoch agus dá gheilleagar sóisialta margaidh uathúil. Tá sé fíor-riachtanach rathúnas a chothú, lena n-áirítear poist ardcháilíochta, trí bhorradh a chur faoin bhfás táirgiúlachta, tionscail an Aontais a dhéanamh níos iomaíche agus níos nuálaí, infheistíochtaí breise a mhealladh, agus tacú le margadh aonair dinimiciúil agus slándáil eacnamaíoch fheabhsaithe. Ba cheart do CEI rannchuidiú le hAontas na Scileanna[12] trí	(21) Is i muintir an Aontais atá neart iomaíochta an Aontais. ***Sainaithnítear i dtuarascálacha Draghi agus Letta agus sa*** Chompás Iomaíochais gur cumasóir cothrománach ***bunriachtanach*** é scileanna agus poist ardcháilíochta a chur chun cinn. Cuirtear i dtábhacht sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach ‘tar éis na teachtaireachta ón gCoimisiún an 5 Márta 2025 maidir le hAontas na Scileanna, gur cheart tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar shealbhú, aitheantas agus coinneáil scileanna ar fud an Aontais, ó scileanna bunúsacha a thógáil go gabháil d’fhoghlaim ar feadh an tsaoil, d’athsciliú agus d’uas-sciliú, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus lena Phlean Gníomhaíochta’. Tá idirphlé ***agus comhpháirtíochtaí láidre idir soláthraithe ardoideachais agus gairmoideachais agus gairmoiliúna, comhpháirtithe sóisialta agus an tionscal mar*** chuid de sin. Tá caipiteal daonna ríthábhachtach do rathúnas an Aontais, dá athléimneacht eacnamaíoch agus dá gheilleagar sóisialta margaidh uathúil. ***Tá sé ríthábhachtach infheistiú in uas-sciliú, athsciliú agus oiliúint an lucht saothair ar mórscála mar aon le bearta cumasúcháin tionlacain amhail seirbhísí comhairleacha***

thacú le lucht saothair oilte a fhorbairt a mbeidh na scileanna sonracha is gá acu i réimsí infheistíochta straitéisí an Chiste, trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil, oideachas, tionscadail oiliúna agus printíseachtaí, agus trí phoist tharraingteacha ardcháilíochta a chruthú a bheidh inrochtana do chách agus ba cheart infheistíochtaí CEI a thionlacan le hinfheistíocht ábhartha i scileanna agus nuair a dhéantar amhlaidh ***ba cheart é a léiriú go sainráite chun críoch ardaithe feasachta***. Áirítear leis sin Ráthaíocht Scileanna lenar cheart é a chur ar a gcumas d'oibrithe in earnálacha a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh, i gcomhréir le straitéisí aistrithe ábhartha náisiúnta, réigiúnacha agus/nó earnála. Ba cheart do CEI tacú le faisnéis scileanna, uas-sciliú agus athsciliú, agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chothú idir ollscoileanna, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, gnólachtaí, go háirithe FBManna, comhpháirtithe sóisialta agus institiúidí taighde feidhmeacha. D'fhéadfadh CEI tacú freisin le gníomhaíochtaí Comhghuaillíochtaí Ollscoile, i gcomhar le fostóirí freisin, chun feabhas a chur ar a soláthar maidir le nuálaíocht agus forbairt scileanna agus tallainne.

agus for-rochtain, meantóireacht nó oiliúint, liúntais soghluaisteachta agus cúraim chun rathúnas a chothú, lena n-áirítear poist ardcháilíochta, trí bhorradh a chur faoi fhás táirgiúlachta, trí thionscail an Aontais a dhéanamh níos iomaíche agus níos nuálaí, trí infheistíochtaí breise a mhealladh, agus trí thacú le margadh aonair dinimiciúil agus le slándáil eacnamaíoch fheabhsaithe. Ba cheart do CEI cur le hAontas na Scileann[12] trí thacú le lucht saothair oilte a fhorbairt a mbeidh na scileanna sonracha is gá acu i réimsí infheistíochta straitéisí an Chiste, trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil atá inrochtana agus ardcháilíochta, oideachas, tionscadail oiliúna agus printíseachtaí, ***aitheantas foirmiúil ar scileanna a fhaightear trí fhoghlaim seachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil*** agus trí phoist tharraingteacha ardcháilíochta a chruthú a bheidh inrochtana do chách agus trí infheistíochtaí CEI a thionlacan le hinfheistíocht i scileanna chun ganntanas scileanna a mhaolú san earnáil straitéiseach ar leith de CEI ***lena chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais scileanna go córasach***. Áirítear leis sin Ráthaíocht Scileanna lenar cheart é a chur ar a gcumas d'oibrithe in earnálacha a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh, i gcomhréir le straitéisí aistrithe ábhartha náisiúnta, réigiúnacha agus/nó earnála. Ba cheart do CEI tacú le faisnéis scileanna, uas-sciliú agus athsciliú, agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chothú idir ollscoileanna, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, gnólachtaí, go sonrach FBManna, comhpháirtithe sóisialta***,*** ***fiontair shóisiata*** agus institiúidí um thaighde feidhmeach. Trí fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargadh saothair, ar thorthaí fostaíochta agus ar riachtanais scileanna a bhaineann le hearnálacha a fhaigheann tacaíocht ón gCiste, ba cheart, i gcás inarb iomchuí, tógáil ar obair na Faireachlainne Eorpaí um Aistriú Cóir. D'fhéadfadh CEI tacú freisin

le gníomhaíochtaí Comhghuaillíochtaí Ollscoile, i gcomhar le fostóirí freisin, chun feabhas a chur ar a soláthar maidir le nuálaíocht agus forbairt scileanna agus tallainne***, go háirithe scileanna agus tallainn digiteach agus glas***.

[12] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún, Aontas na Scileanna, COM(2025) 90 final, 5.3.2025.

[12] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún, Aontas na Scileanna, COM(2025) 90 final, 5.3.2025.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(21a) Tá ról lárnach ag ollscoileanna ag crosbhóthar an oideachais, an taighde, na nuálaíochta agus na tionsclaíochta, agus tá siad fíor-riachtanach chun na hardscileanna agus an tallann is gá ó thaobh iomaíochas fadtéarmach na hEorpa de a fhorbairt. Trí chomhghuaillíochtaí trasnáisiúnta ollscoileanna a neartú, is féidir barr feabhais, scála agus tarraingteacht dhomhanda an chórais acadúil Eorpaigh a fheabhsú fad a thacaítear le forbairt teicneolaíochtaí straitéiseacha agus éiceachóras tionsclaíoch. Dá dtacófaí le forbairt struchtúrtha na gcomhghuaillíochtaí sin, chabhrófaí leis an Eoraip dul in iomaíocht le hollscoileanna domhanda ceannródaíocha agus d'atreiseofaí acmhainneacht nuálaíochta agus scileanna an Aontais. Sa chomhthéacs sin, dá mbunófaí stádas dlíthiúil Eorpach le haghaidh comhghuaillíochtaí institiúidí ardoideachais, d'fhéadfaí comhtháthú trasteorann níos doimhne a éascú agus a

	chur ar a gcumas oibriú ar shlí níos éifeachtaí ar scála Eorpach agus, sa tslí sin, cur le forbairt scileanna.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(21b) Tá méadú ag teacht ar ghanntanais scileanna ábhartha i ngnóthaí agus i bhfostóirí Eorpacha, agus tá ar oibrithe aghaidh a thabhairt ar athruithe tapa ar eagrú na hoibre agus ar na scileanna is gá i margadh an tsaothair. An tráth céanna, leanann córais ilroinnte chun scileanna agus cáilíochtaí a aithint de shoghluaisteacht an lucht saothair a theorannú agus de mheaitseáil éifeachtúil scileanna le héileamh mhargadh an tsaothair a bhac. Tá cultúr éifeachtach foghlama ar feadh an tsaoil ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá ag cách le go mbeidh rath orthu sa tsochaí, sa mhargadh saothair agus ina saol pearsanta. Sa chomhthéacs sin, is féidir le micridhintiúir tacú le conairí foghlama níos solúbtha trí aitheantas a thabhairt d'eispéiris foghlama ghearra spriocdhírithe a chuireann institiúidí ardoideachais, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, eagraíochtaí foghlama aosaí agus fostóirí ar fáil, agus sa tslí sin uas-sciliú agus athsciliú a éascú agus soghluaisteacht trasteorann oibrithe in earnálacha straitéiseacha a éascú. Moltar don Choimisiún micridhintiúir a fholú mar chuid de ghníomhaíochtaí forbartha scileanna chláir oibre an Chiste i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Le tionscadail agus gníomhaíochtaí faoin ngné um Aistriú Glan agus Dícharbónú Tionsclaíoch, cuirfear éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite comhtháite, fuinneamh nua, athchóirithe fuinnimh, agus réitigh nuálacha téimh agus fuaraithe chun cinn.	(24) Le tionscadail agus gníomhaíochtaí faoin ionú um Aistriú Glan agus Dícharbónú Tionsclaíoch, cuirfear éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite comhtháite, fuinnimh nua, athchóirithe fuinnimh, agus réitigh nuálacha téimh agus fuaraithe chun cinn ***lena gcuirfear le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair, bochtaineacht fuinnimh a laghdú do theaghlaigh leochaileacha, feabhas a chur ar sholáthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne, tacú le fostaíocht ardcháilíochta agus an lucht saothair is gá don aistriú glan a neartú***.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(24a) Cé go mbeidh an dá aistriú ríthábhachtach chun athléimneacht agus iomaíochas an Aontais a neartú, beidh tionchar míchothrom acu ar phoist agus ar dhálaí oibre agus ar réigiúin, ar earnálacha agus ar oibrithe, a chuirfidh neamhionannais níos leithne agus éagothromaíochtaí críochacha i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart an Ciste a chur chun feidhme ar shlí a soláthróidh aistriú cóir cuimsitheach, a dtacóidh le réamhaíocht agus bainistiú athraithe agus a gcinnteoidh nach bhfágfar aon duine ar lár trí thacú le poist ardcháilíochta agus dálaí oibre agus le rochtain éifeachtach ar scileanna, ar**

	oiliúint, ar uas-sciliú agus ar athsciliú, in éineacht, i gcás inarb ábhartha, le bearta cumasúcháin tionlacain. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar oibrithe a bhféadfaidh bacainní méadaithe a bheith rompu ar rochtain ar oiliúint, ar athfhostaíocht agus ar aistrithe gairme i gcomhthéacs an chlaochlaithe thionsclaíoch agus theicneolaíoch.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Is féidir leis an Aontas a bheith ina cheannaire domhanda i dteicneolaíochtaí digiteacha, amhail an intleacht shaorga, céannacht dhigiteach, leathsheoltóirí, róbataic, teicneolaíochtaí candamacha, teicneolaíochtaí spáis agus eile trí leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe ár dtaighdeoirí agus ár dtionscal. Ba cheart do CEI forbairt agus cur in úsáid na réiteach agus na mbonneagar digiteach agus na n-acmhainneachtaí digiteacha a chur chun cinn ar fud an Aontais ar mhaithe le sochaí agus geilleagar na hEorpa.	(26) Is féidir leis an Aontas a bheith ina cheannaire domhanda i dteicneolaíochtaí digiteacha, amhail an intleacht shaorga, céannacht dhigiteach, leathsheoltóirí, róbataic, teicneolaíochtaí candamacha, teicneolaíochtaí spáis agus eile trí leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe ár dtaighdeoirí agus ár dtionscal. Ba cheart do CEI forbairt agus cur in úsáid na réiteach agus na mbonneagar digiteach agus na n-acmhainneachtaí ***agus na scilleanna*** digiteacha a chur chun cinn ar fud an Aontais ar mhaithe le sochaí agus geilleagar na hEorpa.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Tá tearcinfheistíocht ainsealach in earnáil teicneolaíochta na hEorpa ar cheann de na príomhchúiseanna le heaspa iomaíochais an Aontais, i gcomparáid lenár n-iomaitheoirí domhanda. Thairis sin, tá ceannasacht Eorpach i dteicneolaíochtaí	(27) Tá tearcinfheistíocht ainsealach in earnáil teicneolaíochta na hEorpa ar cheann de na príomhchúiseanna le heaspa iomaíochais an Aontais, i gcomparáid lenár n-iomaitheoirí domhanda. Thairis sin, tá ceannasacht Eorpach i dteicneolaíochtaí

digiteacha agus bonneagair dhigiteacha ríthábhachtach dár n-athléimneacht, dár slándáil agus dár ndaonlathas, mar a léiríodh i dtuarascáil 2025 ar Staid na Deacáide Digití inar cuireadh i dtábhacht freisin na bearnaí móra atá fós ann chun spriocanna 2030 an Aontais a bhaint amach, go háirithe maidir leis an Intleacht Shaorga (IS) agus teicneolaíochtaí spáis, leathsheoltóirí, 5G agus scileanna digiteacha a fhorbairt.	digiteacha agus bonneagair dhigiteacha ríthábhachtach dár n-athléimneacht, dár slándáil agus dár ndaonlathas, mar a léiríodh i dtuarascáil 2025 ar Staid na Deacáide Digití inar cuireadh i dtábhacht freisin na bearnaí móra atá fós ann chun spriocanna 2030 an Aontais a bhaint amach, go háirithe maidir leis an Intleacht Shaorga (IS) agus teicneolaíochtaí spáis, leathsheoltóirí, 5G***,*** agus scileanna digiteacha ***a fhorbairt***.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Tá acmhainneacht shubstaintiúil neamhshaothraithe ag baint le cur in úsáid rathúil na hidir-inoibritheachta thar theorainneacha agus thar earnálacha, go háirithe maidir le hiomaíochas ghnólachtaí na hEorpa. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt bonneagar poiblí digiteach uile-Eorpach lena gcuimsítear líonraí, réitigh agus seirbhísí digiteacha idir-inoibritheacha, slána agus ceannasacha chun aghaidh a thabhairt ar an tírdhreach idir-inoibritheachta ilroinnte ar fud an Aontais, go háirithe chun éiceachóras digiteach idirnasctha, saoráideach agus lúfar a dhéanamh d'earnáil phoiblí na mBallstát. Is réamhchoinníoll é cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta ag riaracháin phoiblí Eorpacha ar gach leibhéal le haghaidh earnáil phoiblí athléimneach atá dírithe ar an nuálaíocht, rud a rannchuidíonn le spriocanna an Aontais maidir le hiomaíochas, ceannasacht theicneolaíoch agus slándáil.	(31) Tá acmhainneacht shubstaintiúil neamhshaothraithe ag baint le cur in úsáid rathúil na hidir-inoibritheachta thar theorainneacha agus thar earnálacha, go háirithe maidir le hiomaíochas ghnólachtaí na hEorpa. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt bonneagar poiblí digiteach uile-Eorpach lena gcuimsítear líonraí, réitigh agus seirbhísí digiteacha idir-inoibritheacha, slána agus ceannasacha chun aghaidh a thabhairt ar an tírdhreach idir-inoibritheachta ilroinnte ar fud an Aontais, go háirithe chun éiceachóras digiteach idirnasctha, saoráideach agus lúfar a dhéanamh d'earnáil phoiblí na mBallstát. Is réamhchoinníoll é cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta ag riaracháin phoiblí Eorpacha ar gach leibhéal le haghaidh earnáil phoiblí athléimneach atá dírithe ar an nuálaíocht, a chuireann le spriocanna an Aontais ó thaobh ***dul chun cinn sóisialta, aistriú cóir,*** iomaíochas, ceannasacht theicneolaíoch agus slándáil.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) Chun feabhas a chur ar an tsláinte phoiblí agus iomaíochas an Aontais a neartú, tá sé ríthábhachtach dul i ngleic le méadú na ngalar teagmhálach agus neamhtheagmhálach trí straitéisí spriocdhírithe chun an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc agus trí infheistíochtaí leanúnacha, lena n-áirítear in earnálacha na cógaisíochta agus na bhfeistí leighis. Le gníomhaíocht den sórt sin, i dteannta córais sláinte éifeachtacha, inrochtana agus athléimneacha a chothú, is féidir borradh mór a chur faoi tháirgiúlacht an lucht saothair trí fheabhas a chur ar shláinte an daonra agus ganntanais lucht saothair a mhaolú, agus an tráth céanna tacú le córais sláinte a spreagann nuálaíocht freisin. Tá sé fíor-riachtanach sonraí sláinte a ghiaráil sna hiarrachtaí sin, rud a chumasaíonn cinnteoireacht fheasach. Thairis sin, tá sé ríthábhachtach nuálaíocht a chothú tríd an gconair fhianaisebhunaithe a dhaingniú ó dhul chun cinn leighis go réitigh indíolta chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú agus tá sé tairbhiúil ó thaobh slándáil an tsoláthair a threisiú freisin.	(32) Chun feabhas a chur ar an tsláinte phoiblí agus iomaíochas an Aontais a neartú, tá sé ríthábhachtach dul i ngleic le méadú na ngalar teagmhálach agus neamhtheagmhálach trí straitéisí spriocdhírithe chun an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc agus trí infheistíochtaí leanúnacha, lena n-áirítear in earnálacha na cógaisíochta agus na bhfeistí leighis. Le gníomhaíocht den sórt sin, i dteannta córais sláinte éifeachtacha, inrochtana agus athléimneacha ***agus sláinte agus sábháilteacht cheirde neartaithe*** a chothú, is féidir borradh mór a chur faoi tháirgiúlacht an lucht saothair trí fheabhas a chur ar shláinte an daonra agus ganntanais lucht saothair a mhaolú, agus an tráth céanna tacú le córais sláinte a spreagann nuálaíocht freisin. Tá sé fíor-riachtanach sonraí sláinte a ghiaráil sna hiarrachtaí sin, rud a chumasaíonn cinnteoireacht fheasach. Thairis sin, tá sé ríthábhachtach nuálaíocht a chothú tríd an gconair fhianaisebhunaithe a dhaingniú ó dhul chun cinn leighis go réitigh indíolta chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú agus tá sé tairbhiúil ó thaobh slándáil an tsoláthair a threisiú freisin.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Ba cheart do CEI tacú freisin leis na spriocanna beartais maidir le hEoraip níos sábháilte agus níos sláine a bheith ann agus atá ullmhaithe níos fearr in aghaidh bagairtí slándála, go háirithe trí fheabhas a	(39) Ba cheart do CEI tacú freisin leis na spriocanna beartais maidir le hEoraip níos sábháilte agus níos sláine a bheith ann agus atá ullmhaithe níos fearr in aghaidh bagairtí slándála, go háirithe trí fheabhas a

chur ar iomaíochas thionscal na hEorpa agus ar uathriail straitéiseach, lena n-áirítear slándáil mhuirí agus chustaim, bonneagar criticiúil fuinnimh agus iompair agus ullmhacht shibhialta. Chun aghaidh a thabhairt ar an méadú atá ag teacht ar bhagairtí slándála agus ar bhagairtí hibrideacha amhail an sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe, an chibearchoireacht, tubaistí aeráide agus ionsaithe ar bhonneagar criticiúil, ba cheart do CEI tacú le hiarrachtaí na hEorpa a feasacht ar bhagairtí a mhéadú, athléimneacht a thógáil agus borradh a chur faoi infheistíochtaí slándála, agus an ullmhacht trí dhearadh a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha ábhartha.	chur ar iomaíochas thionscal na hEorpa agus ar uathriail straitéiseach, lena n-áirítear slándáil mhuirí agus chustaim, bonneagar criticiúil fuinnimh agus iompair agus ullmhacht shibhialta. Chun aghaidh a thabhairt ar an méadú atá ag teacht ar bhagairtí slándála agus ar hibrideacha amhail an sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe, an chibearchoireacht, tubaistí aeráide agus ionsaithe ar bhonneagar criticiúil, ba cheart do CEI tacú le hiarrachtaí na hEorpa a feasacht ar bhagairtí, agus cosc orthu, a mhéadú, athléimneacht a thógáil agus borradh a chur faoi infheistíochtaí slándála agus cosanta sibhialta, agus ***maolú, oiriúnú agus*** ullmhacht trí dhearadh a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha ábhartha.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 41 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(41a) Mar phríomhchoinníoll cumasúcháin cothrománach, leithdháilfear 7% d'imchlúdach airgeadais tiomnaithe gach ionú beartais ar ghníomhaíochtaí a thacaíonn le forbairt scileanna agus oiriúnú don lucht saothair atá nasctha leis na hearnálacha straitéiseacha a dtacaítear leo faoin Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 30.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(44) Chun iomaíochas an Aontais a chur chun cinn, i dteannta a bhuiséid, ba cheart	(44) Chun iomaíochas an Aontais a chur chun cinn, i dteannta a bhuiséid, ba cheart

do CEI ioncam seachtrach sannta breise a mhealladh agus a ghiniúint nuair is féidir. I ndáil leis sin, ba cheart do CEI a bheith oscailte agus sineirgí agus comhar a éascú le haghaidh aon rannchuidiú airgeadais nó neamhairgeadais ar féidir leo tacú leis na cuspóirí iomaíochais, lena n-áirítear ó na Ballstáit, ó thríú tíortha agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta.

do CEI ioncam seachtrach sannta breise a mhealladh agus a ghiniúint nuair is féidir. Maidir leis sin, ba cheart do CEI a bheith oscailte agus sineirgí agus comhar a éascú le haghaidh aon rannchuidiú airgeadais nó neamhairgeadais ar féidir leo tacú leis na cuspóirí iomaíochais***, dul chun cinn sóisialta agus aistriú cóir***, lena n-áirítear ó na Ballstáit, ó thríú tíortha agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 45

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(45) Chun athléimneacht gheilleagar an Aontais a chur chun cinn, go háirithe trí spleáchais straitéiseacha a laghdú, ba cheart do CEI é a chur ar a chumas don Aontas tosaíocht a thabhairt do thacaíocht do mhonaraíocht agus d'fhorbairt teicneolaíochtaí straitéiseacha agus earnálacha atá lonnaithe san Aontas, go háirithe i gcás gníomhaíochtaí a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais, i gcomhréir le dlí an Aontais agus lena ghealltanais idirnáisiúnta. Tá sé fíor-riachtanach go rannchuideoidh cistiú Eorpach le glacadh teicneolaíochtaí straitéiseacha a fhorbraítear san Aontas agus a chistítear trí chistiú Eorpach. Chun tacú le forbairt agus monarú teicneolaíochtaí straitéiseacha san Aontas arna gcistiú ag an Aontas, ba cheart do CEI a bheith in ann coinníollacha a chur lena thacaíocht trí shrianta rialaithe, srianta ar aistrithe sócmhainní agus srianta soláthair ar úsáid táirgí agus teicneolaíochtaí sonracha.	(45) Chun athléimneacht gheilleagar an Aontais a chur chun cinn, go háirithe trí spleáchais straitéiseacha a laghdú, ba cheart do CEI é a chur ar a chumas don Aontas tosaíocht a thabhairt do thacaíocht do mhonaraíocht agus d'fhorbairt teicneolaíochtaí straitéiseacha agus earnálacha atá lonnaithe san Aontas, go háirithe i gcás gníomhaíochtaí a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais, i gcomhréir le dlí an Aontais agus lena ghealltanais idirnáisiúnta. Tá sé fíor-riachtanach go gcuirfidh cistiúchán Eorpach le glacadh teicneolaíochtaí straitéiseacha a fhorbraítear san Aontas agus a chistítear trí chistiúchán Eorpach ***agus fostaíocht ardchaighdeáin***. Chun tacú le forbairt agus monarú teicneolaíochtaí straitéiseacha san Aontas arna gcistiú ag an Aontas, ba cheart do CEI a bheith in ann coinníollacha a chur lena thacaíocht trí rialú ***agus rannpháirtíocht agus srianta feidhmíochta***, srianta ar aistrithe sócmhainní agus srianta soláthair ar úsáid táirgí agus teicneolaíochtaí sonracha.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) Ba cheart do CEI a bheith oscailte agus sineirgí a éascú le gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais a thacaíonn le réimsí beartais a bhfuil dlúthbhaint acu le hiomaíochas, lena n-áirítear an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, beartais agus cláir sheachtracha i mbainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit. Leis sin, ba cheart a bheith in ann cistiú a chomhcheangal agus a charnadh le haghaidh gníomhaíochtaí lena dtacaítear le cuspóirí níos mó ná réimse beartais amháin de chuid an Aontais. Ba cheart comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit a bhunú chun comhsheasmhacht agus comhlántachtaí a áirithiú idir CEI agus Rialachán (AE) [XXX] [Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí] Thairis sin, ba cheart tacaíocht ó Rialachán (AE) [XXX] [Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí] agus ó CEI do thionscadail ar bronnadh an Séala Iomaíochais orthu a éascú, agus leas á bhaint as an measúnú a rinneadh sular sannadh an Séala agus gan dochar do na rialacha maidir le Státchabhair. Ba cheart na critéir maidir le bronnadh an tSéala Iomaíochais a cheapadh ar bhealach a chumasóidh feidhmiú an tséala mar ráthaíocht cháilíochta freisin, ceann lena dtugtar dearbhuithe d'infheisteoirí institiúideacha go ndearnadh grinnfhiosrúchán iomchuí ar an tionscadal. Ba cheart an Séala Iomaíochais a bhronnadh ar thionscadail ardcháilíochta a rannchuidíonn le cuspóirí CEI. Féadfar CEI a chur chun feidhme i gcomhpháirt le cláir eile de chuid an Aontais nó le comhdheontóirí nó comh-infheisteoirí eile, agus ba cheart na comhpháirtithe sin a bheith in ann páirt a ghlacadh i gcoistí meastóireachta le	(47) Ba cheart do CEI a bheith oscailte agus sineirgí a éascú le gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais a thacaíonn le réimsí beartais a bhfuil dlúthbhaint acu le hiomaíochas, lena n-áirítear an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, beartais agus cláir sheachtracha i mbainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit. Leis sin, ba cheart a bheith in ann cistiú a chomhcheangal agus a charnadh le haghaidh gníomhaíochtaí lena dtacaítear le cuspóirí níos mó ná réimse beartais amháin de chuid an Aontais. Ba cheart comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit a bhunú chun comhsheasmhacht agus comhlántachtaí a áirithiú idir CEI agus Rialachán (AE) [XXX] [Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí] Thairis sin, ba cheart tacaíocht ó Rialachán (AE) [XXX] [Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí] agus ó CEI do thionscadail ar bronnadh an Séala Iomaíochais orthu a éascú, agus leas á bhaint as an measúnú a rinneadh sular sannadh an Séala agus gan dochar do na rialacha maidir le Státchabhair. Ba cheart na critéir maidir le bronnadh an tSéala Iomaíochais a cheapadh ar bhealach a chumasóidh feidhmiú an tséala mar ráthaíocht cháilíochta freisin, ceann lena dtugtar dearbhuithe d'infheisteoirí institiúideacha go ndearnadh grinnfhiosrúchán iomchuí ar an tionscadal. Ba cheart an Séala Iomaíochais a bhronnadh ar thionscadail ardcháilíochta a rannchuidíonn le cuspóirí CEI. Féadfar CEI a chur chun feidhme i gcomhpháirt le cláir eile de chuid an Aontais nó le comhdheontóirí nó comh-infheisteoirí eile, agus ba cheart na comhpháirtithe sin a bheith in ann páirt a ghlacadh i gcoistí meastóireachta le

haghaidh nósanna imeachta dámhachtana arna gcistiú go comhpháirteach. Ba cheart cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sineirge sin uile a bheith simplí. Ba cheart na ceanglais tuairiscithe agus na ceanglais maidir le taifid a choimeád d'fhaighteoirí a laghdú, i gcás inar féidir, chuig sruth tuairiscithe agus íocaíochta conarthach aonair le tacar aonair rialacha maidir leis an tacaíocht uile a sholáthraítear.

haghaidh nósanna imeachta dámhachtana arna gcistiú go comhpháirteach. Ba cheart cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sineirge sin uile a bheith simplí. Ba cheart na ceanglais tuairiscithe agus na ceanglais maidir le taifid a choimeád d'fhaighteoirí a laghdú, i gcás inar féidir, chuig sruth tuairiscithe agus íocaíochta conarthach aonair le tacar aonair rialacha maidir leis an tacaíocht uile a sholáthraítear. ***I gcás inarb ábhartha, féadfar tionscadail ina bhfuil comhpháirt shuntasach atá tiomnaithe d'fhorbairt scileanna, don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint, d'athsciliú agus d'uas-sciliú an lucht saothair foghlama ar feadh an tsaoil a nasctar le hearnálacha straitéiseacha, a aithint trí ainmniú sonrach faoin Séala Iomaíochais, rud a léiríonn a gcabhair le bonn scileanna an Aontais a neartú.***

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) Ba cheart tacaíocht an Aontais a dhíriú ar chuspóirí beartais a bhaint amach. I ngach cás, ba cheart cistiú CEI a sholáthar san fhoirm is fearr atá in ann a chuspóirí a bhaint amach, agus an t-ualach riaracháin ar fhaighteoirí á theorannú don mhéid is lú is féidir. Agus an buiséad á chur chun feidhme, ba cheart do CEI bosca uirlisí iomlán de thacaíocht an Aontais a sholáthar agus sineirgí a áirithiú idir a bheartais a fhaigheann tacaíocht, go háirithe trí nósanna imeachta comhchoiteanna dámhachtana simplithe a cheadú chun na cuspóirí atá ag níos mó ná beartas amháin a shaothrú. Dá réir sin, mar mhórbheart simplithe ba cheart féachaint le deireadh a chur le tuairisciú airgeadais trom tríd an úsáid is leithne is féidir a bhaint as maoiniú nach bhfuil nasctha le	(48) Ba cheart tacaíocht an Aontais a dhíriú ar chuspóirí beartais a bhaint amach. I ngach cás, ba cheart cistiú CEI a sholáthar san fhoirm is fearr atá in ann a chuspóirí a bhaint amach, agus an t-ualach riaracháin ar fhaighteoirí***, go háirithe FBManna,*** á theorannú don mhéid is lú is féidir. Agus an buiséad á chur chun feidhme, ba cheart do CEI bosca uirlisí iomlán de thacaíocht an Aontais a sholáthar agus sineirgí a áirithiú idir a bheartai thacaithe, go háirithe trí nósanna imeachta comhchoiteanna dámhachtana simplithe a lamháil chun na cuspóirí atá ag níos mó ná beartas amháin a shaothrú. Dá réir sin, mar mhórbheart simplithe ba cheart féachaint le deireadh a chur le tuairisciú airgeadais trom tríd an úsáid is leithne is féidir a bhaint as maoiniú nach

costais.

bhfuil nasctha le costais.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 49

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(49) Ba cheart do CEI tacú le tacar éagsúil beartas a rannchuidíonn leis an iomaíochas, agus an tráth céanna tacar bonnlíne comhchuibhithe de chritéir incháilitheachta a sholáthar chun stiúradh beartais a sholáthar agus leibhéal leordhóthanach cosanta do leasanna eacnamaíocha agus slándála a áirithiú trí thacaíocht ón Aontas a dhíriú ar fhaighteoirí sna Ballstáit, lena n-áirítear Tíortha agus Críocha Thar Lear. I gcás inar gá, ba cheart do CEI coinníollacha incháilitheachta sonracha a bhunú le haghaidh earnálacha agus teicneolaíochtaí straitéiseacha, lena n-áirítear slabhraí luacha foluiteacha, bonneagair chriticiúla de chuid an Aontais agus cumais shonracha.	(49) Ba cheart do CEI tacú le tacar éagsúil beartas a rannchuidíonn leis an iomaíochas, agus an tráth céanna tacar bonnlíne comhchuibhithe de chritéir incháilitheachta a sholáthar chun stiúradh beartais a sholáthar agus leibhéal leordhóthanach cosanta do leasanna eacnamaíocha***, sóisialta*** agus slándála a áirithiú trí thacaíocht ón Aontas a dhíriú ar fhaighteoirí sna Ballstáit, lena n-áirítear Tíortha agus Críocha Thar Lear. I gcás inar gá, ba cheart do CEI coinníollacha incháilitheachta sonracha a bhunú le haghaidh earnálacha agus teicneolaíochtaí straitéiseacha, lena n-áirítear slabhraí luacha foluiteacha, bonneagair chriticiúla de chuid an Aontais agus cumais shonracha.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 51

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(51) Chun go mbeidh ionstraimí airgeadais agus an ráthaíocht bhuiséadach in ann airgead príobháideach a phlódú isteach go héifeachtach, ní mór dlúthbhaint a bheith ag comhpháirtithe cur chun feidhme. Cinntíonn sé sin stiúradh agus ailíniú beartais, chomh maith le giniúint píblíne tionscadal. Leis an taithí agus na ceachtanna a foghlaimíodh le cur chun feidhme Chlár InvestEU, cuirtear i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le	(51) Chun go mbeidh ionstraimí airgeadais agus an ráthaíocht bhuiséadach in ann airgead príobháideach a phlódú isteach go héifeachtach, ní mór dlúthbhaint a bheith ag comhpháirtithe cur chun feidhme. Cinntíonn sé sin stiúradh agus ailíniú beartais, chomh maith le giniúint píblíne tionscadal. Leis an taithí agus na ceachtanna a foghlaimíodh le cur chun feidhme Chlár InvestEU, cuirtear i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le

treoirlínte infheistíochta chun an ceannach isteach sin a chruthú agus chun an intuarthacht agus an infheictheacht is gá a sholáthar do na comhpháirtithe cur chun feidhme agus d'infheisteoirí, chun go gcuirfidh siad a n-acmhainneacht eagraíochtúil ar bun agus go dtionscnóidh siad píblíne na n-infheistíochtaí, agus an tráth céanna an tsolúbthacht is gá a cheadú chun stiúradh leordhóthanach beartais a áirithiú le linn an chur chun feidhme. Ba cheart a áireamh sna treoirlínte infheistíochta tuairisc mhionsonraithe ar réimsí beartais na hidirghabhála agus an fhócais infheistíochta d'fhonn breisíocht a áirithiú agus d'fhonn plódú isteach infheistíochta phríobháidí agus poiblí a dhreasú chun tacú le cuspóirí beartais agus tionscadail straitéiseacha an Aontais. Ba cheart na treoirlínte infheistíochta a ullmhú i gcomhairle le comhpháirtithe cur chun feidhme chun tairbhiú dá gcuid eolais ar an margadh, agus chun é a chur ar a gcumas dóibh infheistíocht a dhéanamh i réimsí tosaíochta an Aontais agus iad a dhreasú le haghaidh níos mó rioscaí a thógáil. Chun freastal ar riachtanais agus ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn, féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte infheistíochta i gcomhthéacs athbhreithniú lár téarma CAI.	treoirlínte infheistíochta chun an ceannach isteach sin a chruthú agus chun an intuarthacht agus an infheictheacht is gá a sholáthar do na comhpháirtithe cur chun feidhme agus d'infheisteoirí, chun go gcuirfidh siad a n-acmhainneacht eagraíochtúil ar bun agus go dtionscnóidh siad píblíne na n-infheistíochtaí, agus an tráth céanna an tsolúbthacht is gá a cheadú chun stiúradh leordhóthanach beartais a áirithiú le linn an chur chun feidhme. Ba cheart a áireamh sna treoirlínte infheistíochta tuairisc mhionsonraithe ar réimsí beartais na hidirghabhála agus an fhócais infheistíochta d'fhonn breisíocht a áirithiú agus d'fhonn plódú isteach infheistíochta phríobháidí agus poiblí a dhreasú chun tacú le cuspóirí beartais agus tionscadail straitéiseacha an Aontais. Ba cheart na treoirlínte infheistíochta a ullmhú i gcomhairle ***leis an gcoiste infheistíochta agus lei***s na comhpháirtithe cur chun feidhme chun tairbhiú dá gcuid eolais ar an margadh, agus chun é a chur ar a gcumas dóibh infheistíocht a dhéanamh i réimsí tosaíochta an Aontais agus iad a dhreasú le haghaidh níos mó rioscaí a thógáil. Chun freastal ar riachtanais agus ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn, féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte infheistíochta i gcomhthéacs athbhreithniú lár téarma CAI.
Leasú 35	
Togra le haghaidh rialacháin **Aithris 53 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(53a) Áireofar i gcláir oibre CEI forbairt scileanna agus gníomhaíochtaí infheistíochta gaolmhara i gcuid shonrach thiomnaithe.
Leasú 36	

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 57

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(57) Ba cheart do chomhairliúcháin ilpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhairliúcháin taighdeoirí agus tionscail, na comhpháirtithe sóisialta, chomh maith le hinfheisteoirí, úsáideoirí deiridh agus an tsochaí shibhialta, ó FBManna, eagraíochtaí beaga go heagraíochtaí móra, rannchuidiú le tosaíochtaí CEI. Ba cheart na comhairliúcháin sin a struchtúrú trí bhoird chomhairleacha, lena n-áirítear Bord Páirtithe Leasmhara CEI, ar cheart é a bheith de chúram orthu léargais a sholáthar agus comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le treochtaí beartais, riachtanais infheistíochta, agus cur chun feidhme CEI ó thaobh tionscnóirí tionscadail de, agus é d'aidhm acu a áirithiú go léireofar aiseolas ó phobail páirtithe leasmhara i ndearadh na gclár oibre.	(57) Ba cheart do chomhairliúcháin ilpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhairliúcháin taighdeoirí agus tionscail, na comhpháirtithe sóisialta ***ar an leibhéal trastionscail agus earnála***, chomh maith le hinfheisteoirí, úsáideoirí deiridh agus an tsochaí shibhialta, ó FBManna, eagraíochtaí beaga go heagraíochtaí móra, rannchuidiú le tosaíochtaí CEI. Ba cheart na comhairliúcháin sin a struchtúrú trí bhoird chomhairleacha ***chothromaithe***, lena n-áirítear Bord ***Geallsealbhóirí Straitéiseacha*** CEI, ar cheart é a bheith de chúram orthu léargais a sholáthar agus comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le treochtaí beartais, riachtanais infheistíochta, agus cur chun feidhme CEI ó thaobh tionscnóirí tionscadail de, agus é d'aidhm acu a áirithiú go léireofar aiseolas ó phobail páirtithe leasmhara i ndearadh na gclár oibre.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 58

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(58) Is ionstraim státchabhrach agus uirlis beartais thionsclaíoch iad Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna) a ndéanann an Coimisiún measúnú orthu de bhun Airteagal 107(3), pointe (b), CFAE[22] . Cuireann siad go mór le fás eacnamaíoch, cruthú post, an t-aistriú glas agus digiteach agus iomaíochas agus athléimneacht thionscal agus gheilleagar an Aontais. Le IPCEInna, is féidir eolas, saineolas, acmhainní airgeadais agus gníomhaithe eacnamaíocha a thabhairt le chéile ar fud an Aontais agus éifeachtaí seach-iarmharta	(58) Is ionstraim státchabhrach agus uirlis beartais thionsclaíoch iad Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna) a mheasúnóidh an Coimisiún de bhun Airteagal 107(3), pointe (b), TFEU[22] Cuireann siad go mór le fás eacnamaíoch, cruthú post, an t-aistriú glas agus digiteach agus iomaíochas agus athléimneacht thionscal agus gheilleagar an Aontais. Le IPCEInna, is féidir eolas, saineolas, acmhainní airgeadais agus gníomhaithe eacnamaíocha a thabhairt le chéile ar fud an Aontais agus éifeachtaí seach-iarmharta

dearfacha a chruthú don Aontas ar fad. Le IPCEInna, is féidir infheistíochtaí príobháideacha i dtionscadail ardriosca a phlódú isteach freisin, ar tionscadail iad atá fíor-riachtanach chun nuálaíocht cheannródaíoch a thabhairt níos gaire don chur in úsáid tionsclaíoch agus do thionscadail bhonneagair a bhfuil an-tábhacht ag baint leo don Aontas agus a bhfuil rochtain oscailte neamh-idirdhealaitheach acu. I bhfianaise na gcomhchuspóirí atá á saothrú, cothóidh CEI sineirgí idir cistiú ón Aontas agus IPCEInna trí thacú le tionscadail shonracha a chomhtháthaítear laistigh de IPCEInna, bunaithe ar a rannchuidiú le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, amhail athléimneacht an Aontais, agus ar chumas mhaoiniú CEI rannpháirtíocht a leathnú, go háirithe rannpháirtíocht FBManna, nó cumhdach na mBallstát a leathnú, chomh maith le breisluach an Aontais a mhéadú.

dearfacha a chruthú don Aontas ar fad. Le IPCEInna, is féidir infheistíochtaí príobháideacha i dtionscadail ardriosca a phlódú isteach freisin, ar tionscadail iad atá fíor-riachtanach chun nuálaíocht cheannródaíoch a thabhairt níos gaire don chur in úsáid tionsclaíoch agus do thionscadail bhonneagair a bhfuil an-tábhacht ag baint leo don Aontas agus a bhfuil rochtain oscailte neamh-idirdhealaitheach acu. I bhfianaise na gcomhchuspóirí atá á saothrú, cothóidh CEI sineirgí idir cistiú ón Aontas agus IPCEInna trí thacú le tionscadail shonracha a chomhtháthaítear laistigh de IPCEInna, bunaithe ar a rannchuidiú le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, amhail athléimneacht an Aontais***, athléimneacht shibhialta agus ullmhacht agus forbairt scileanna an lucht saothair*** agus ar chumas mhaoiniú CEI rannpháirtíocht a leathnú, go háirithe rannpháirtíocht FBManna, nó cumhdach na mBallstát a leathnú, chomh maith le breisluach an Aontais a mhéadú.

---

[22] Teachtaireacht ón gCoimisiún, Critéir chun anailís a dhéanamh ar a chomhoiriúnaí leis an margadh inmheánach atá an Státchabhair chun tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn C/2021/8481 (IO C 528, 30.12.2021, lch. 10).

[22] Teachtaireacht ón gCoimisiún, Critéir chun anailís a dhéanamh ar a chomhoiriúnaí leis an margadh inmheánach atá an Státchabhair chun tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn C/2021/8481 (IO C 528, 30.12.2021, lch. 10).

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 63

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(63) I gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis, ba cheart do CEI a bheith in ann sásra ‘idirghabhála luathaithe’ a sholáthar freisin chun dlús a chur le soláthar thacaíocht an Aontais chun aghaidh a	(63) I gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis, ba cheart do CEI a bheith ábalta sásra ‘idirghabhála luathaithe’ a sholáthar freisin chun dlús a chur le soláthar thacaíocht an Aontais chun aghaidh a

thabhairt ar riachtanais chistiúcháin phráinneacha chun cur chun feidhme rathúil smaointe tábhachtacha gnó a chumasú sa mhargadh aonair i gcás nach bhfuil cistiú den sórt sin ar fáil, ar leibhéal leordhóthanach, ar an margadh. Chun na críche sin, mar gheall ar an bpráinn, níor cheart seiceálacha áirithe a dhéanamh ach amháin tar éis cistiú a sholáthar, lena n-éascaítear agus lena dteorannaítear an t-ualach riaracháin ar fhaighteoirí agus lena soláthraítear cinnteacht airgeadais ar an mbealach is tapúla is féidir agus, an tráth céanna, glacadh le leibhéal réasúnta riosca airgeadais don Aontas i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú.	thabhairt ar riachtanais chistiúcháin phráinneacha chun cur chun feidhme rathúil ***tionscadail thábhachtacha straitéiseacha a chuireann le cuspóirí an Rialacháin seo*** a chumasú sa mhargadh aonair i gcás nach bhfuil an cistiúchán sin ar fáil, ar leibhéal leordhóthanach, ar an margadh. Chun na críche sin, mar gheall ar an bpráinn, níor cheart seiceálacha áirithe a dhéanamh ach amháin tar éis cistiú a sholáthar, lena n-éascaítear agus lena dteorannaítear an t-ualach riaracháin ar fhaighteoirí agus lena soláthraítear cinnteacht airgeadais ar an mbealach is tapúla is féidir agus, an tráth céanna, glacadh le leibhéal réasúnta riosca airgeadais don Aontas i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 65

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(65) I gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis, ba cheart do CEI bealach níos solúbtha agus níos inrochtana a cheadú chun tionscadail agus smaointe nuálacha a shainaithint, a roghnú agus tacú leo, lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta dámhachtana atá neodrach ó thaobh ionstraime de lena gceadófar do thaighdeoirí, d'fhiontraithe, do chuideachtaí agus do shaoránaigh eile a réiteach nuálaíochta a mholadh gan aon chúngú ná teorannú saorga tosaigh ar thacaíocht ón Aontas do dheontas, soláthar nó foirm eile tacaíochta ón Aontas. Ba cheart smaointe a mheasúnú agus a roghnú bunaithe ar a bhfiúntas aghaidh a thabhairt ar an dúshlán faoi seach nó ar thosaíocht bheartais an Aontais, agus níor cheart an ionstraim is iomchuí agus is éifeachtaí de chur chun feidhme an bhuiséid, a úsáidtear chun tacú leis na smaointe sin, cé acu deontas, soláthar nó ionstraim eile, a	(65) I gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis, ba cheart do CEI slí níos solúbtha agus inrochtana a lamháil chun tionscadail agus smaointe nuálacha a shainaithint, a roghnú agus tacú leo, lena n-áirítear trí nósanna imeachta dámhachtana a sholáthar atá neodrach ó thaobh ionstraime de a lamhálfaidh do thaighdeoirí, d'fhiontraithe, ***d'oibrithe, doccheardchumainn,*** do chuideachtaí agus do shaoránaigh eile a réiteach nuálaíochta a mholadh gan aon chúngú ná teorannú saorga tosaigh ar thacaíocht ón Aontas do dheontas, soláthar nó foirm eile tacaíochta ón Aontas. Ba cheart smaointe a mheasúnú agus a roghnú bunaithe ar a bhfiúntas aghaidh a thabhairt ar an dúshlán faoi seach nó ar thosaíocht bheartais an Aontais, agus níor cheart an ionstraim is iomchuí agus is éifeachtaí de chur chun feidhme an bhuiséid, a úsáidtear chun tacú leis na smaointe sin, cé acu deontas, soláthar nó ionstraim eile, a

roghnú ach amháin ina dhiaidh sin bunaithe ar riachtanais agus fiúntais an tionscadail aonair.

roghnú ach amháin ina dhiaidh sin bunaithe ar riachtanais agus fiúntais an tionscadail aonair.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 76

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(76) Cé gur innill fhíor-riachtanacha fáis agus iomaíochais iad gnólachtaí nuálacha Eorpacha nuathionscanta agus gnólachtaí nuálacha Eorpacha atá ag méadú, agus ag aithint go bhfuil bacainní leanúnacha rompu maidir le rochtain a fháil ar an maoiniú is gá san Aontas, ba cheart d'Ionstraim InvestEU CEI tacaíocht airgeadais spriocdhírithe a sholáthar ag gach céim do chuideachtaí san Aontas atá ag fás agus ag uas-scálú — ó chéim thionscnaimh go céim mhéadaithe agus monaraíocht thionsclaíoch. Ba cheart d'Ionstraim InvestEU CEI cistiú díreach agus indíreach a sholáthar do chuideachtaí Eorpacha d'fhonn infheisteoirí príobháideacha a mhealladh — agus ar an gcaoi sin leas iomlán a bhaint as acmhainneacht fhiontraíocht agus infheistíocht na hEorpa. Leis sin, tabharfar cumhacht do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú agus treiseofar ceannaireacht dhomhanda an Aontais sa teicneolaíocht agus sa tionsclaíocht, agus dúnfar bearnaí nuálaíochta agus infheistíochta na hEorpa agus bainfear amach uaillmhian an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta an tráth céanna. D'áireofaí le hIonstraim InvestEU CEI saoráid arb é is aidhm di a áirithiú gur féidir le fiontair ardfháis a fhorbraíonn nó a úsáideann teicneolaíochtaí nuálacha, lena n-áirítear i réimsí atá tábhachtach do leasanna straitéiseacha agus do shlándáil eacnamaíoch an Aontais, rochtain a fháil ar chaipiteal leordhóthanach chun a ngnólachtaí a uas-scálú. Slógfaidh sé	(76) Cé gur innill fhíor-riachtanacha fáis agus iomaíochais iad gnólachtaí nuálacha Eorpacha nuathionscanta agus gnólachtaí nuálacha Eorpacha atá ag méadú, agus ag aithint go bhfuil bacainní leanúnacha rompu maidir le rochtain a fháil ar an maoiniú is gá san Aontas, ba cheart d'Ionstraim InvestEU CEI tacaíocht airgeadais spriocdhírithe a sholáthar ag gach céim do chuideachtaí san Aontas atá ag fás agus ag uas-scálú — ó chéim thionscnaimh go céim mhéadaithe agus monaraíocht thionsclaíoch ***fad a chuirtear i gcuntas an gá atá le cothromaíocht gheografach agus tacaíocht do réigiúin nach bhfuil chomh forbartha chun scileanna agus nuálaíocht a thógáil a chabhróidh le réigiúin dul i ngleic le dúshláin amhail bearnaí nuálaíochta agus infheistíochta agusimirce daoine oilte***. Ba cheart d'Ionstraim InvestEU CEI cistiú díreach agus indíreach a sholáthar do chuideachtaí Eorpacha d'fhonn infheisteoirí príobháideacha a mhealladh — agus sa tslí sin leas iomlán a bhaint as acmhainneacht fhiontraíocht agus infheistíocht na hEorpa. Leis sin, tabharfar cumhacht do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú agus treiseofar ceannaireacht dhomhanda an Aontais sa teicneolaíocht agus sa tionsclaíocht, agus dúnfar bearnaí nuálaíochta agus infheistíochta na hEorpa agus bainfear amach uaillmhian an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta an tráth céanna. ***Le hIonstraim*** InvestEU CEI***, ba cheart rochtain ar mhaoiniú a éascú agus***

infheistíochtaí ó mhargaí caipitil na hEorpa, i gcomhréir le tosaíochtaí beartais an Aontais.

aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha gníomhaithe fiontair shóisialta, ina gchothófar a bhfás, a nuálaíocht agus a gcabhair leis an bhforbairt áitiúil ar fud na n-earnálacha. D'áireofaí le ***hIonstraim InvestEU CEI*** saoráid arb é is aidhm di a áirithiú gur féidir le fiontair ardfháis a fhorbraíonn nó a úsáideann teicneolaíochtaí nuálacha, lena n-áirítear i réimsí atá tábhachtach do leasanna straitéiseacha agus do shlándáil eacnamaíoch an Aontais, rochtain a fháil ar chaipiteal leordhóthanach chun a ngnólachtaí a uas-scálú. Slógfaidh sé infheistíochtaí ó mhargaí caipitil na hEorpa, i gcomhréir le tosaíochtaí beartais an Aontais.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 79

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(79) Mar sin féin, is bacainn thábhachtach í rochtain ar mhaoiniú i gcás FBManna, go háirithe i gcás gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, toisc gur minic a bhíonn siad ag brath ar mhaoiniú seachtrach chun tacú lena bpleananna fáis. Tá bacainní breise roimh FBManna maidir le nuálaíocht agus fás nach ndéanann difear do ghnólachtaí móra a mhéid céanna, mar shampla easpa scileanna fiontraíochta, easpa bonneagair teicneolaíochta rochtana, deacrachtaí maidir le maoin intleachtúil a chosaint nó rochtain a fháil ar mhargaí onnmhairiúcháin agus ar shlabhraí luacha chun a ngníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe a fhorbairt.	(79) Mar sin féin, is bacainn thábhachtach í rochtain ar mhaoiniú i gcás FBManna ***agus fiontair shóisialta***, go háirithe i gcás gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, ós minic a bhíonn siad ag brath ar mhaoiniú seachtrach chun tacú lena bpleananna fáis. Tá bacainní breise roimh FBManna ***agus fiontair shóisialta,*** ar nuálaíocht agus fás nach ndéanann difear do ghnólachtaí móra a mhéid céanna, mar shampla easpa scileanna fiontraíochta, ***easpa acmhainneachta i gcás forbairt scileanna lucht saothair a sholáthar***, easpa bonneagair teicneolaíochta rochtana, deacrachtaí i maoin intleachtúil a chosaint nó rochtain a fháil ar mhargaí onnmhairiúcháin agus ar shlabhraí luacha chun a ngníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe a fhorbairt.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 80

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(80) Léiríonn an fhianaise nach leor tacaíocht dhíreach airgeadais do FBManna aisti féin chun tacú lena n-uas-scálú agus go dteastaíonn comhairle thiomnaithe uathu ar leibhéal an Aontais agus go dtairbhíonn siad di. Trí chomhairle a thabhairt maidir le rialacha an Mhargaidh Aonair, rannchuidíonn nuálaíocht agus rochtain ar mhaoiniú le hiomaíochas an Aontais. Thairis sin, tá an tacaíocht ghnó ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta éagsúil agus ba cheart di na réigiúin bheagfhorbartha agus na réigiúin is forimeallaí a nascadh freisin. Chuidigh tionscnaimh de chuid an Aontais atá ann cheana amhail an Líonra Fiontar Eorpach, an tArdán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha agus Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha leis an mbearna sin a dhúnadh. Dá réir sin, bunófar 'Líonra um Aontas ar son an Ghnó', ag tógáil ar an Líonra Fiontar Eorpach (LFE), ar an Ardán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha (ACBFE) agus ar líonraí eile, chun seirbhísí comhairleacha agus comhpháirtíochta a shimpliú agus a chuíchóiriú.	(80) Léiríonn an fhianaise nach leor tacaíocht dhíreach airgeadais do FBManna agus ***fiontair shóisialta*** astú féin chun tacú lena n-uas-scálú agus go dteastaíonn comhairle thiomnaithe uathu ar leibhéal an Aontais agus go dtairbhíonn siad di. Trí chomhairle a thabhairt maidir le rialacha an Mhargaidh Aonair, rannchuidíonn nuálaíocht agus rochtain ar mhaoiniú le hiomaíochas an Aontais. Thairis sin, tá an tacaíocht ghnó ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta éagsúil agus ba cheart di na réigiúin bheagfhorbartha agus na réigiúin is forimeallaí a nascadh freisin. Chuidigh tionscnaimh de chuid an Aontais atá ann cheana amhail an Líonra Fiontar Eorpach, an tArdán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha agus Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha leis an mbearna sin a dhúnadh. Dá réir sin, bunófar 'Líonra um Aontas ar son an Ghnó', ag tógáil ar an Líonra Fiontar Eorpach (LFE), ar an Ardán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha (ACBFE)***, Líonra Toscairí na FBManna*** agus ar líonraí eile, chun seirbhísí comhairleacha agus comhpháirtíochta a shimpliú agus a chuíchóiriú.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 81

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(81) Tacóidh CEI le rochtain FBManna ar mhaoiniú agus neartóidh sé iomaíochas FBManna an Aontais trí dhá phríomhbhealach: Ar an gcéad dul síos, i dteannta Líonra AE don Ghnó, déanfaidh CEI gníomhaíochtaí breise trasearnálacha	(81) Tacóidh CEI le rochtain FBManna ***agus fiontar sóisialta*** ar mhaoiniú agus neartóidh sé iomaíochas FBManna ***agus fiontar sóisialta*** an Aontais trí dhá phríomhshlí: Ar an gcéad dul síos, i dteannta Líonra AE don Ghnó, déanfaidh

freisin a bheidh dírithe ar iomaíochas FBManna a neartú. Ar an dara dul síos, ba cheart a áireamh sna gnéithe beartais CEI gníomhaíochtaí tiomnaithe FBManna atá spriocdhírithe ar FBManna in earnálacha straitéiseacha, amhail córais bhónais chun rannpháirtíocht FBManna a spreagadh, d'fhonn nuálaíocht, fás agus uas-scálú FBManna a chothú. Féadfar tacaíocht speisialta a dheonú maidir le rochtain agus fáil ar mhaoine i gcás FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga i ngach earnáil den gheilleagar, lena n-áirítear micreamhaoiniú, tacaíocht d'fhiontair shóisialta. Thairis sin, ba cheart go n-áiritheofaí le bosca uirlisí solúbtha airgeadais faoi CEI go bhféadfadh FBManna an cineál tacaíochta is fearr a oireann dá riachtanais feadh a n-aistir infheistíochta a fháil.	CEI gníomhaíochtaí breise trasearnálacha freisin a bheidh dírithe ar iomaíochas FBManna a neartú. Ar an dara dul síos, ba cheart a áireamh sna gnéithe beartais CEI gníomhaíochtaí tiomnaithe FBManna atá spriocdhírithe ar FBManna in earnálacha straitéiseacha, amhail córais bhónais chun rannpháirtíocht FBManna a spreagadh, d'fhonn nuálaíocht, fás agus uas-scálú FBManna a chothú. Féadfar tacaíocht speisialta a dheonú i gcás rochtain agus fáil maoine do FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga ***agus d'fhiontair shóisialta*** i ngach earnáil den gheilleagar, lena n-áirítear micreamhaoiniú, agus tacaíocht d'fhiontair shóisialta. Thairis sin, ba cheart go n-áiritheofaí le bosca uirlisí solúbtha airgeadais faoi CEI go bhféadfadh FBManna an cineál tacaíochta is fearr a oireann dá riachtanais feadh a n-aistir infheistíochta a fháil.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Téacs gan athrú a áirítear sa chomhréiteach*
2. Leagtar síos leis an Rialachán seo:	2. Leagtar síos leis an Rialachán seo:

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Téacs gan athrú a áirítear sa chomhréiteach*
(a) Ionú 'Aistriú Glan agus Dícharbónú Tionsclaíoch' – a chuirtear chun feidhme trí na gníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II agus i gCaibidil IV, agus lena gcuirtear leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (a);	(a) Ionú 'Aistriú Glan agus Dícharbónú Tionsclaíoch' – a chuirtear chun feidhme trí na gníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II agus i gCaibidil IV, agus lena gcuirtear leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (a);

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Téacs gan athrú a áirítear sa chomhréiteach*
(b) Ionú 'Sláinte, Bith-theicneolaíocht, Talmhaíocht agus Bithgheilleagar' – arna chur chun feidhme trí na gníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II agus i gCaibidil V, agus lena gcuirtear leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (b);	(b) Ionú 'Sláinte, Bith-theicneolaíocht, Talmhaíocht agus Bithgheilleagar' – arna chur chun feidhme trí na gníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II agus i gCaibidil V, agus lena gcuirtear leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (b);

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Téacs gan athrú a áirítear sa chomhréiteach*
(c) Ionú 'Aistriú Glan agus Dícharbónú Tionsclaíoch' – a chuirtear chun feidhme trí na gníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II agus i gCaibidil VI, agus lena gcuirtear leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (c);	(c) Ionú 'Aistriú Glan agus Dícharbónú Tionsclaíoch' – a chuirtear chun feidhme trí na gníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II agus i gCaibidil VI, agus lena gcuirtear leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (c);

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Téacs gan athrú a áirítear sa chomhréiteach*
(d) Ionú 'Athléimneacht agus Slándáil, an Tionscal Cosanta, agus an Spás' – arna cur chun feidhme trí ghníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II agus i gCaibidil VII, lena n-áirítear an clár sonrach um thaighde agus nuálaíocht i	(d) Ionú 'Athléimneacht agus Slándáil, an Tionscal Cosanta, agus an Spás' – arna cur chun feidhme trí ghníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II agus i gCaibidil VII, lena n-áirítear an clár sonrach um thaighde agus nuálaíocht i

réimse na cosanta dá dtagraítear i mír 1, agus lena gcuirtear leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (d).	réimse na cosanta dá dtagraítear i mír 1, agus lena gcuirtear leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (d).

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Bunaítear leis an Rialachán freisin creat dlíthiúil arb é is aidhm dó slándáil an tsoláthair a áirithiú, bacainní ar infheistíocht agus scrogaill táirgeachta a bhaint agus tacú le hiomaíochas bhonn tionsclaíoch an Aontais.	3. Bunaítear leis an Rialachán freisin creat dlíthiúil arb é is aidhm dó slándáil an tsoláthair a áirithiú, bacainní ar infheistíocht agus scrogaill táirgeachta a bhaint agus tacú le hiomaíochas bhonn tionsclaíoch an Aontais***, i gcomhréir le cuspóirí aeráide an Aontais agus a thiomantas d'aistriú glan agus cóir.***

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Ciallaíonn 'iomaíochas' cumas oibrithe, gnóthas agus earnálacha smaoineamh, nuálaíocht, oiriúnú, táirgiúlacht agus fás sa mhargadh inmheánach agus ar fud an domhain araon chun geilleagar Eorpach inbhuanaithe, athléimneach agus cuimsitheach a chur chun cinn, a neartaíonn uathriail straitéiseach an Aontais agus, sa tslí sin, a chuireann le dálaí maireachtála feabhsaithe agus le fostaíocht ardcháilíochta a chruthú;

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Ciallaíonn ‘turas infheistíochta’ leanúnachas tacaíochta airgeadais phoiblí agus phríobháidigh agus sásraí tacaíochta beartais a sholáthraítear d’fhaighteoirí ar fud a shlabhra forbartha ar fad, lena n-áirítear sraith chuimsitheach gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu le leithdháileadh acmhainní airgeadais agus le tacaíocht a sholáthar chun nuálaíocht agus fás eacnamaíoch a chothú. Áirítear leis an aistear sin, gan bheith teoranta dó, tionscnamh ó chéimeanna bunúsacha agus feidhmeacha taighde, dul chun cinn a dhéanamh trí chéimeanna an uas-scálaithe, imscaradh tionsclaíoch, agus dul chun cinn a dhéanamh ar deireadh maidir le monaraíocht ar scála iomlán, aibíocht thionsclaíoch agus idirnáisiúnú;	(11) Ciallaíonn ‘turas infheistíochta’ leanúnachas tacaíochta airgeadais phoiblí agus phríobháidigh agus sásraí tacaíochta beartais a sholáthraítear d’fhaighteoirí ar fud a shlabhra forbartha ar fad, lena n-áirítear sraith chuimsitheach gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu le leithdháileadh acmhainní airgeadais agus le tacaíocht a sholáthar chun nuálaíocht agus fás eacnamaíoch ***inmharthana*** a chothú. Folaíonn an t-aistear sin, gan bheith teoranta dó, tionscnamh ó chéimeanna bunúsacha agus feidhmeacha taighde, dul chun cinn trí chéimeanna an uas-scálaithe, imscaradh tionsclaíoch, agus dul chun cinn ar deireadh i monaraíocht ar scála iomlán, aibíocht thionsclaíoch agus idirnáisiúnú ***lena n-áirítear bearta riachtanacha chun scileanna a fhorbairt agus an lucht saothair a chlaochlú***;

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19a) ciallaíonn ‘fiontar sóisialta’ gnóthas, gan beann ar a fhoirm dhlí, lena n-áirítear fiontair an gheilleagair shóisialta nó duine nádúrtha:
	(a) arb é is príomhaidhm shóisialta dó, i gcomhréir lena airteagail chomhlachais, lena reachtanna nó le haon doiciméad dlí eile lenar bunaíodh an gnó agus a bhféadfadh dliteanas teacht as de réir dhlíthe an Bhallstáit ina bhfuil fiontar sóisialta lonnaithe, tionchair shóisialta dhearfacha intomhaiste a bhaint amach, tionchair ar an gcomhshaol ina measc, seachas brabús a ghiniúint chun críoch eile, agus a sholáthraíonn seirbhísí nó earraí lena ngintear sochar sóisialta,

agus/nó a úsáideann modhanna táirgthe earraí nó seirbhísí lena gcuimsítear cuspóirí sóisialta;

(b) a úsáideann a bhrabúis go príomha chun a phríomhaidhm shóisialta a bhaint amach agus ag a bhfuil nósanna imeachta agus rialacha réamhshainithe a áirithíonn nach mbainfidh dáileadh na mbrabús sin an bonn den phríomhaidhm shóisialta;

(c) a bhainistítear ar dhóigh fhiontraíoch, rannpháirteach, chuntasach agus thrédhearcach, go háirithe trí rannpháirtíocht oibrithe, custaiméirí agus geallsealbhóirí a bhfuil tionchar ag a chuid gníomhaíochtaí gnó orthu;

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Ciallaíonn ‘geallsealbhóirí’ daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a ndéanann cur chun feidhme an chláir difear dóibh agus ar féidir leo a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme an chláir;	(20) ciallaíonn ‘geallsealbhóirí’ daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a ndéanann cur chun feidhme an chláir difear dóibh agus ar féidir leo a bheith rannpháirteach ann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta***, údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus saineolaithe tionscail, taighde agus nuálaíochta***;

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Ciallaíonn ‘bonneagar’ na heilimintí fisiceacha agus fiorúla uile is gá chun seirbhísí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a sholáthar, lena n-áirítear	(21) ciallaíonn ‘bonneagar’ na heilimintí fisiceacha agus fiorúla uile is gá chun seirbhísí***, lena n-áirítear seirbhísí riachtanacha,*** agus gníomhaíochtaí

líonraí, eangacha agus sócmhainní, chomh maith le sócmhainní móibíleacha atá nasctha le bonneagar, lena gcothaítear dícharbónú, athléimneacht, éifeachtúlacht, digitiú agus idir-inoibritheacht;

eacnamaíocha a sholáthar, lena n-áirítear líonraí, eangacha agus sócmhainní, chomh maith le sócmhainní móibíleacha atá nasctha le bonneagar***, ina dtacaítear le feidhmiú an gheilleagair, margaí saothair agus comhtháthú críochach agus*** ina gcothaítear forbairt scileanna, dícharbónú, athléimneacht, éifeachtúlacht, digitiú agus idir-inoibritheacht;

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(21a) ciallaíonn 'fostaíocht ardcháilíochta' fostaíocht atá cobhsaí agus a chuireann pá dóthanach agus dálaí oibre cuibhiúla ar fáil, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht, agus a chuireann deiseanna ar fáil d'fhorbairt scileanna, uas-sciliú agus athsciliú agus a urramaíonn an ceart chun comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme;

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Is é cuspóir ginearálta CEI iomaíochas na hEorpa a mhéadú, go háirithe in earnálacha agus teicneolaíochtaí straitéiseacha ar feadh an turais infheistíochta tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:	1. Is é cuspóir ginearálta CEI iomaíochas na hEorpa a mhéadú***, i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta***, go háirithe in earnálacha agus teicneolaíochtaí straitéiseacha ar feadh an turais infheistíochta tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tionchar teicneolaíoch, eacnamaíoch agus comhshaoil ó infheistíochtaí an Aontais a chur i gcrích, lena n-áirítear tionchar a chur i gcrích trí nuálaíocht shuaiteach incriminteach a fhorbairt, agus trí theicneolaíochtaí ceannródaíocha dé-úsáide straitéiseacha atá ag teacht chun cinn a bhfuil acmhainneacht shuntasach eacnamaíoch acu a fhorbairt, lena n-áirítear iad a fhorbairt trí dhlús a chur lena monarú agus lena gcur in úsáid tionsclaíoch;	(a) tionchar ***dearfa*** teicneolaíoch, eacnamaíoch, sóisialta, fostaíochta agus comhshaoil ó infheistíochtaí an Aontais a chur i gcrích, lena n-áirítear tionchar a chur i gcrích trí nuálaíocht shuaiteach incriminteach a fhorbairt, agus trí theicneolaíochtaí ceannródaíocha dé-úsáide straitéiseacha atá ag teacht chun cinn a bhfuil acmhainneacht shuntasach eacnamaíoch acu a fhorbairt, lena n-áirítear iad a fhorbairt trí dhlús a chur lena monarú agus lena gcur in úsáid tionsclaíoch ***i dteannta neartú éiceachóras tionsclaíoch, scileanna lucht saothair agus cruthú fostaíochta ardchaighdeáin in earnálacha tacaithe***;

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) spleáchais straitéiseacha an Aontais a laghdú nó a chosc, agus athléimneacht agus slándáil eacnamaíoch an Aontais a threisiú, lena n-áirítear trí fhoinsí agus margaí a éagsúlú, tacaíocht chun borradh a chur faoi tháirgeadh Eorpach teicneolaíochtaí straitéiseacha agus slabhraí luacha agus bonneagar criticiúil an Aontais a chruthú, a neartú agus a chosaint;	(b) spleáchais straitéiseacha an Aontais a laghdú nó a chosc, agus athléimneacht agus slándáil eacnamaíoch an Aontais a threisiú, lena n-áirítear trí fhoinsí agus margaí a éagsúlú, ***comhar le comhpháirtithe iontaofa a neartú,*** tacaíocht chun borradh a chur faoi tháirgeadh Eorpach teicneolaíochtaí straitéiseacha agus slabhraí luacha agus bonneagar criticiúil an Aontais a chruthú, a neartú agus a chosaint;

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) tacaíocht taighde, nuálaíochta agus beartais thionsclaíoch a ailíniú chun barr feabhais taighde an Aontais a thiontú ina neart tionsclaíoch don Aontas ar mhargaí domhanda agus chun todhchaí na monaraíochta san Eoraip a dhaingniú;	(e) tacaíocht taighde, nuálaíochta agus beartais thionsclaíoch a ailíniú chun barr feabhais taighde an Aontais a thiontú ina neart tionsclaíoch don Aontas ar mhargaí domhanda agus chun todhchaí na monaraíochta ***agus fostaíocht ardchaighdeáin*** san Eoraip a dhaingniú;

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) bonneagar trasteorann agus criticiúil an Aontais a fhorbairt; ar bonneagar é atá ríthábhachtach d'iomaíochas agus do neamhspleáchas straitéiseach an Aontais go háirithe an bonneagar fuinnimh agus iompair, an bonneagar digiteach agus slándála, an bonneagar cosanta agus spáis mar aon leis an mbonneagar sóisialta agus sonraí agus seirbhísí gaolmhara;	(f) bonneagar trasteorann agus criticiúil an Aontais a fhorbairt ***agus a neartú*** atá ríthábhachtach d'iomaíochas agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais***, lena n-áirítear réigiúin thoir AE atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise agus na hÚcráine,*** go háirithe bonneagar fuinnimh agus iompair, bonneagar digiteach agus slándála, bonneagar cosanta agus spáis agus bonneagar sóisialta, lena dtugtar aghaidh ***mar shampla*** ar thithíocht ***shóisialta agus*** inacmhainne, oideachas agus cúram na luath-óige, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, agus oideachas agus oiliúint chuimsitheach lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, chomh maith le sonraí agus seirbhísí gaolmhara;

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) iomaíochas FBManna agus	(g) iomaíochas FBManna, cuideachtaí

cuideachtaí meánchaipitlithe beaga atá bunaithe san Aontas a neartú agus a gcumas fás agus uas-scálú a neartú, go háirithe trína rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú, lena n-áirítear infheistíocht phríobháideach, micreamhaoiniú agus tacaíocht d'fhiontair shóisialta chun rochtain ar chistiú ón Aontas a éascú, trí nósanna imeachta níos tapúla, simplithe agus comhchuibhithe; ualach tuairiscithe comhréireach a laghdú agus a áirithiú;	meánchaipitlithe beaga ***agus fiontair shóisialta*** atá bunaithe san Aontas a neartú agus ***a gcumas nuálaíochta agus*** fás agus uas-scálú a neartú, go háirithe trína rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú, lena n-áirítear infheistíocht phríobháideach, micreamhaoiniú agus tacaíocht d'fhiontair shóisialta agus rochtain ar chistiú ón Aontas a éascú, trí nósanna imeachta níos tapúla, simplithe agus comhchuibhithe; ualach tuairiscithe comhréireach a laghdú agus a áirithiú; ***tacú le scileanna fiontraíochta agus gnó agus cur le hathléimneacht slabhraí luacha áitiúla agus réigiúnacha;***

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna atá ríthábhachtach do gach cineál post ardcháilíochta in earnálacha atá straitéiseach d'iomaíochas an Aontais, trí infheistiú i scileanna cothrománacha agus sonracha araon, lena rannchuidítear le hinfhaighteacht scileanna i dteicneolaíochtaí a bheidh ag teacht chun cinn amach anseo, agus trí iarracht a dhéanamh infheistíocht i scileanna a chur le hinfheistíochtaí agus a chur in iúl nuair a chuirtear san áireamh í;	(h) ***tacú le forbairt caipitil dhaonna agus le cothabháil agus cruthú fostaíochta ardchaighdeáin trí*** dhul i ngleic le ganntanas scileanna atá ríthábhachtach chun poist ardchaighdeáin a chur chun cinn ***go háirithe in earnálacha straitéiseacha iomaíochas AE,*** trí fhorbairt scileanna agus infheistíocht i scileanna cothrománacha agus sonracha araon a sholáthar***, lena n-áirítear uasghrádú scileanna spriocdhírithe, athsciliú agus gairmoideachas agus gairmoiliúint an lucht saothair agus bearta a thacaíonn le hoibrithe atá buailte ag athstruchtúrú tionsclaíoch agus claochlú teicneolaíoch,*** ina gcuirtear le fáil scileanna i dteicneolaíochtaí éiritheacha amach anseo, agus trí shaothrú ar infheistíochtaí a thionlacan le hinfheistíocht i scileanna ***d'fhonn iomaíochas fadtéarmach agus éifeachtacht infheistíocht AE a chinntiú***;

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe k

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(k) aistriú cóir chuig geilleagar inbhuanaithe dícharbónaithe digiteach atá cothrom agus a thacaíonn le hoibrithe agus le pobail a áirithiú.	(k) tacú le bearta chun aistriú cóir chuig geilleagar inbhuanaithe, dícharbónaithe agus digiteach atá cothrom, cuimsitheach agus a chuireann le fostaíocht ardcháilíochta agus cruthú post a áirithiú sa tslí sin tacú le hoibrithe***, teaghlaigh*** agus le pobail go háirithe ***lena n-áirítear*** i réigiúin atá buailte ag an aistriú.

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe k a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ka) tacú, i gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis, le bearta athléimneachta sealadacha mar fhreagairt ar shuaitú móra eacnamaíocha nó geopholaitiúla a chuireann acmhainneacht thionsclaíoch straitéiseach nó slabhraí luacha san Aontas i mbaol, d'fhonn acmhainneacht tháirgiúil a chaomhnú, fostaíocht ardcháilíochta a chosaint agus slabhraí luacha straitéiseacha a chothabháil, agus fad a áirithítear go gcuirfidh na bearta sin le claochlú fadtéarmach agus iomaíochas na n-earnálacha tacaithe.

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Chun tacú leis an Aistriú Glan agus Dícharbónú Tionsclaíoch, arb iad na cuspóirí sonracha tacaíocht a thabhairt do	(a) Chun tacú leis an Aistriú Glan agus Dícharbónú Tionsclaíoch, arb iad na cuspóirí sonracha tacaíocht a thabhairt do

dhícharbónú earnáil tionsclaíochta na hEorpa, lena n-áirítear FBManna agus tionscail dianfhuinnimh, monaraíocht teicneolaíochta glaine agus a slabhraí soláthair, agus rannchuidiú leis an aistriú i dtreo geilleagar inbhuanaithe ciorclach fuinneamhéifeachtúil a bheidh tíosach ar uisce agus acmhainní, aeráidneodrach agus athléimneach. Áirítear leis sin teicneolaíochtaí dícharbónaithe agus réitigh eile a bheith á nglacadh ag tionscail dá bpróisis thionsclaíocha agus dá ngníomhaíochtaí tionsclaíocha, chomh maith le dícharbónú an tsoláthair fuinnimh, cur chun cinn na héifeachtúlachta fuinnimh, glacadh réiteach fuinnimh in-athnuaite agus glan, forbairt sholúbthacht an chórais fuinnimh, glacadh príomh-mhargaí le haghaidh táirgí glana, forbairt, athléimneacht, comhtháthú agus digitiú na mbonneagar agus na gcóras fuinnimh agus iompair, borradh a chur faoin tsoghluaisteacht chliste agus faoi bhreoslaí malartacha inbhuanaithe, chomh maith le borradh a chur faoin ngeilleagar gorm inbhuanaithe, samhlacha gnó nuálacha dúlrabhunaithe a fhorbairt agus réitigh ar thaobh an éilimh le haghaidh foirgnimh ghlana dhícharbónaithe, iompar agus tionscal glan dícharbónaithe a fhorbairt, agus borradh a chur faoin táirgeadh chun rannchuidiú le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais.

dhícharbónú earnáil tionsclaíochta na hEorpa, lena n-áirítear FBManna agus tionscail dianfhuinnimh, monaraíocht teicneolaíochta glaine agus a slabhraí soláthair, agus rannchuidiú leis an aistriú i dtreo geilleagar inbhuanaithe ciorclach fuinneamhéifeachtúil a bheidh tíosach ar uisce agus acmhainní, aeráidneodrach agus athléimneach. Áirítear leis sin teicneolaíochtaí dícharbónaithe agus réitigh eile a bheith á nglacadh ag tionscail dá bpróisis agus dá ngníomhaíochtaí tionsclaíocha, chomh maith le dícharbónú an tsoláthair fuinnimh, cur chun cinn na héifeachtúlachta fuinnimh, forbairt scileanna a sholáthar go háirithe bearta chun tacú le hoibrithe san aistriú cóir, glacadh réiteach fuinnimh in-athnuaite agus glan, forbairt sholúbthacht an chórais fuinnimh, glacadh príomh-mhargaí le haghaidh táirgí glana, forbairt, athléimneacht, comhtháthú agus digitiú na mbonneagar agus na gcóras fuinnimh agus iompair, borradh a chur faoin tsoghluaisteacht chliste agus faoi bhreoslaí malartacha inbhuanaithe, chomh maith le borradh a chur faoin ngeilleagar gorm inbhuanaithe, samhlacha gnó nuálacha dúlrabhunaithe a fhorbairt agus réitigh ar thaobh an éilimh le haghaidh foirgnimh ghlana dhícharbónaithe, iompar agus tionscal glan dícharbónaithe a fhorbairt, agus borradh a chur faoin táirgeadh chun cur le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais.

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Chun tacú leis an tsláinte, arb iad na cuspóirí sonracha nuálaíocht agus iomaíochas na hearnála sláinte a chothú agus slándáil an tsoláthair, an cumas tionsclaíoch agus an cumas chun bagairtí	(1) Chun tacú leis an tsláinte, arb iad na cuspóirí sonracha nuálaíocht**,** iomaíochas ***agus forbairt scileanna*** na hearnála sláinte a chothú agus slándáil an tsoláthair**,** an cumas tionsclaíoch agus an

tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a bhainistiú amach anseo á n-áirithiú ag an am céanna; sláinte an phobail agus sláinte an daonra a fheabhsú agus a chosaint, trí thosaíocht a thabhairt do chur chun cinn na sláinte agus do chosc galar ar feadh na saolré trí chur chuige beartais ‘sláinte i gcoitinne’ agus ‘Aon Sláinte Amháin’, agus trí nuálaíocht agus athléimneacht na gcóras sláinte a neartú.	cumas chun bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a bhainistiú amach anseo á n-áirithiú ag an am céanna; sláinte an phobail agus sláinte an daonra a fheabhsú agus a chosaint, trí thosaíocht a thabhairt do chur chun cinn na sláinte agus do chosc galar ar feadh na saolré trí chur chuige beartais ‘sláinte i gcoitinne’ agus ‘Aon Sláinte Amháin’, agus trí nuálaíocht agus athléimneacht na gcóras sláinte a neartú ***lena n-áirítear trí infheistíocht san fhórsa saothair sláinte***.

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 -mír 2 - pointe b - pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Chun tacú leis an talmhaíocht agus leis an tslándáil bia, arb é an cuspóir sonrach iomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht na talmhaíochta, an iascaigh agus an dobharshaothraithe, na foraoiseachta agus na limistéar tuaithe agus cósta a chothú agus an ról atá acu san aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach, cliste ó thaobh uisce de agus dearfach ó thaobh an dúlra de agus bithéagsúlacht acmhainní nádúrtha a chosaint a chothú agus, ag an am céanna, rannchuidiú le slándáil fhadtéarmach bia san Aontas.	(4) Chun tacú leis an talmhaíocht agus leis an tslándáil bia, arb é an cuspóir sonrach iomaíochas, inbhuanaitheacht***, scileanna*** agus athléimneacht na talmhaíochta, an iascaigh agus an dobharshaothraithe, ***earnálacha*** na foraoiseachta agus na limistéar tuaithe agus cósta a chothú agus an ról atá acu san aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach, cliste ó thaobh uisce de agus dearfach ó thaobh an dúlra de agus bithéagsúlacht acmhainní nádúrtha a chosaint a chothú agus, ag an am céanna, rannchuidiú le slándáil fhadtéarmach bia san Aontas.

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) Chun tacú leis an mbeartas maidir le Ceannaireacht Dhigiteach, arb iad na cuspóirí sonracha nuálaíocht agus iomaíochas na hearnála digití a chothú ar	(c) Chun tacú le beartas na Ceannaireachta Digití, arb iad na cuspóirí sonracha nuálaíocht agus iomaíochas na hearnála digití a chothú ar mhaithe le

mhaithe le hAontas iomaíoch slán agus na tairbhí a bhaineann leis a thabhairt do shaoránaigh agus don tsochaí, d'údaráis phoiblí agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais. Áireofar leis sin, ach gan bheith teoranta dó, tacú le slabhraí luacha digiteacha, slabhraí soláthair digiteacha agus gníomhaíochtaí digiteacha uile, lena n-áirítear tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá i mbun fáis agus do FBManna, go háirithe de réir na ngnéithe seo a leanas: Ceannaireacht a bhaint amach i dteicneolaíochtaí digiteacha agus intleachta saorga, lena n-áirítear ceannaireacht a bhaint amach trí aistriú teicneolaíochta agus nuálaíocht, agus trí bhonneagair cheannródaíocha amhail leathchúplaí digiteacha atá cumhachtaithe ag IS; Ceannasacht theicneolaíoch a bhaint amach trí éiceachórais dhigiteacha athléimneacha a thógáil agus ardleibhéal cibearshlándála a áirithiú san Aontas; Cumhacht dhigiteach a chumasú do ghnólachtaí agus do shaoránaigh trí ardfheidhmchláir agus ardseirbhísí digiteacha, bonneagair, acmhainneachtaí agus cumais a imscaradh agus trí idir-inoibritheacht ar fud an Aontais a threisiú, lena n-áirítear tacaíocht do dhigitiú cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis; Tacú le claochlú digiteach agus idir-inoibritheacht na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha trí ghlacadh tapa na hintleachta saorga, na dteicneolaíochtaí tiachóige, amhail Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití ón Aontas agus seirbhísí iontaoibhe arna mbunú de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa atá ar na bacáin agus réitigh nuálacha dhigiteacha eile. Tacaíocht do thionscail chultúrtha agus chruthaitheacha, lena gcomhlánaítear clár AgoraEU.

hAontas iomaíoch slán agus na tairbhí a bhaineann leis a thabhairt do shaoránaigh agus don tsochaí, d'údaráis phoiblí agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais fad a chuirtear leis an dá aistriú agus ***fad a chinntítear caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta***. Áireofar leis sin, ach gan bheith teoranta dó, tacú le slabhraí luacha digiteacha, slabhraí soláthair digiteacha agus gníomhaíochtaí digiteacha uile, lena n-áirítear tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá i mbun fáis agus do FBManna, go háirithe de réir na ngnéithe seo a leanas: Ceannaireacht a bhaint amach i dteicneolaíochtaí digiteacha agus intleachta saorga, lena n-áirítear ceannaireacht a bhaint amach trí aistriú teicneolaíochta agus nuálaíocht, agus trí bhonneagair cheannródaíocha amhail leathchúplaí digiteacha atá cumhachtaithe ag IS; Ceannasacht theicneolaíoch a bhaint amach trí éiceachórais dhigiteacha athléimneacha a thógáil agus ardleibhéal cibearshlándála a áirithiú san Aontas; Cumhacht dhigiteach a chumasú do ghnólachtaí, agus do shaoránaigh trí ardfheidhmchláir agus ardseirbhísí digiteacha, bonneagair, acmhainneachtaí agus cumais a imscaradh, agus trí fhorbairt scileanna digiteacha agus ***inniúlachtaí speisialaithe TFC, lena n-áirítear uasoiliúint agus athoiliúint spriocdhírithe*** an lucht saothair a sholáthar agus trí idir-inoibritheacht ar fud an Aontais a threisiú, lena n-áirítear tacaíocht do dhigitiú cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis; Tacú le claochlú digiteach agus idir-inoibritheacht na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha trí ghlacadh tapa na hintleachta saorga, na dteicneolaíochtaí tiachóige, amhail Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití ón Aontas agus seirbhísí iontaoibhe arna mbunú de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa atá ar na bacáin agus réitigh nuálacha dhigiteacha eile.

Tacaíocht do thionscail chultúrtha agus chruthaitheacha, lena gcomhlánaítear clár AgoraEU.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Chun tacú le hathléimneacht slabhraí soláthair, arb iad na cuspóirí sonracha athléimneacht Eorpach a neartú trí acmhainneacht an Aontais a threisiú maidir le taiscéaladh, eastóscadh, próiseáil agus athchúrsáil amhábhar agus foinsí soláthair agus margaí a éagsúlú, agus trí fheabhas a chur ar infhaighteacht thráthúil táirgí den sórt sin, lena n-áirítear trína n-aga seachadta a laghdú, sliotáin mhonaraíochta a chur in áirithe nó táirgí, táirgí idirmheánacha nó amhábhair a stoc-charnadh.	(1) Chun tacú le hathléimneacht slabhraí soláthair, arb iad na cuspóirí sonracha athléimneacht Eorpach a neartú trí acmhainneacht an Aontais a threisiú maidir le taiscéaladh, eastóscadh, próiseáil agus athchúrsáil amhábhar agus foinsí soláthair agus margaí a éagsúlú, agus trí fheabhas a chur ar infhaighteacht thráthúil táirgí den sórt sin, lena n-áirítear trína n-aga seachadta a laghdú, sliotáin mhonaraíochta a chur in áirithe nó táirgí, táirgí idirmheánacha nó amhábhair a stoc-charnadh, lena n-áirítear ***trí bhearta atá dírithe ar scileanna speisialaithe a fhorbairt is gá le haghaidh slabhraí luacha straitéiseacha ar fud na hEorpa***.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe d – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Chun tacú le tionscal cosanta an Aontais, na cuspóirí sonracha maidir le hullmhacht thionsclaíoch cosanta an Aontais agus a Bhallstát a chur chun cinn trí iomaíochas, freagrúlacht agus cumas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a neartú, lena n-áirítear tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá i mbun fáis agus do FBManna, lena gcothófar éiceachóras cosanta nuálach AE; Taighde	(2) Chun tacú le tionscal cosanta an Aontais, na cuspóirí sonracha maidir le hullmhacht thionsclaíoch cosanta an Aontais agus a Bhallstát a chur chun cinn trí iomaíochas, freagrúlacht***, forbairt scileanna*** agus cumas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a neartú, lena n-áirítear tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá i mbun fáis agus do FBManna, lena gcothófar éiceachóras

agus forbairt chomhoibríoch ar tháirgí agus teicneolaíochtaí cosanta, lena n-áirítear teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint; Comhar le linn shaolré an trealaimh cosanta, go háirithe maidir le soláthar cosanta agus maidir le tionscadail Eorpacha leasa choitinn i réimse na cosanta a fhorbairt; An tionscal a oiriúnú d'athruithe struchtúracha.

cosanta nuálach AE; Taighde agus forbairt chomhoibríoch ar tháirgí agus teicneolaíochtaí cosanta, lena n-áirítear teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint; Comhar le linn shaolré an trealaimh cosanta, go háirithe maidir le soláthar cosanta agus maidir le tionscadail Eorpacha leasa choitinn i réimse na cosanta a fhorbairt; An tionscal a oiriúnú d'athruithe struchtúracha.

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe d – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Chun córais spáis agus beartas spáis an Aontais a chur chun feidhme, arb iad na cuspóirí sonracha córais spáis a fhorbairt, a chothabháil agus a oibriú, faisnéis, sonraí agus seirbhísí ceannródaíocha spásbhunaithe a sholáthar lena dtacaítear le beartais an Aontais, go háirithe i réimse na slándála, na cosanta, an fháis inbhuanaithe, chosaint an chomhshaoil agus na hathléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide, na rannpháirtíochta domhanda agus an neamhspleáchais straitéisigh; Na tairbhí socheacnamaíocha a bhaineann le gníomhaíochtaí spásbhunaithe a uasmhéadú, go háirithe trí fhorbairt geilleagair spáis de chuid an Aontais atá nuálach agus iomaíoch a chothú agus trí thacú le fíor-Mhargadh Aonair a fhorbairt le haghaidh gníomhaíochtaí spáis, lena n-áirítear taighde agus nuálaíocht chomhoibríoch le haghaidh táirgí agus teicneolaíochtaí spáis agus tacaíocht do FBManna; Sábháilteacht, slándáil agus inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí cianspáis uile a fheabhsú; Ról an Aontais mar ghníomhaí domhanda in earnáil an spáis a chur chun cinn.	(3) Chun córais spáis agus beartas spáis an Aontais a chur chun feidhme, arb iad na cuspóirí sonracha córais spáis a fhorbairt, a chothabháil agus a oibriú, faisnéis, sonraí agus seirbhísí ceannródaíocha spásbhunaithe a sholáthar lena dtacaítear le beartais an Aontais, go háirithe i réimse na slándála, na cosanta, an fháis inbhuanaithe, chosaint an chomhshaoil agus na hathléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide, na rannpháirtíochta domhanda agus an neamhspleáchais straitéisigh; Na tairbhí socheacnamaíocha a bhaineann le gníomhaíochtaí spásbhunaithe a uasmhéadú, go háirithe trí fhorbairt geilleagair spáis de chuid an Aontais atá nuálach agus iomaíoch a chothú agus trí thacú le fíor-Mhargadh Aonair a fhorbairt le haghaidh gníomhaíochtaí spáis, lena n-áirítear taighde agus nuálaíocht chomhoibríoch le haghaidh táirgí ***spáis, forbairt scileanna agus teicneolaíocht*** agus tacaíocht do FBManna; Sábháilteacht, slándáil agus inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí cianspáis uile a fheabhsú; Ról an Aontais mar ghníomhaí domhanda in earnáil an spáis a chur chun cinn.

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 -mír 2 - pointe b - pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Maidir le tacaíocht don tslándáil thionsclaíoch shibhialta, na cuspóirí sonracha maidir le hiomaíochas agus freagrúlacht thionscal slándála sibhialta na hEorpa a neartú, i réimsí cur i bhfeidhm na slándála, athléimneacht bonneagar criticiúil agus dé-úsáide, teicneolaíochtaí lena n-áirítear bonneagar criticiúil fuinnimh, agus réitigh chun earraí agus daoine a rialú ag teorainneacha, teorainneacha a chosaint, slándáil mhuirí, slándáil chustaim agus ullmhacht shibhialta in aghaidh bagairtí slándála, chomh maith le cumais na n-úsáideoirí deiridh ábhartha in earnáil na slándála sibhialta a threisiú.	(4) Maidir le tacaíocht don tslándáil thionsclaíoch shibhialta, na cuspóirí sonracha maidir le hiomaíochas agus freagrúlacht ***agus forbairt scileanna*** thionscal slándála sibhialta na hEorpa a neartú, i réimsí cur i bhfeidhm na slándála, athléimneacht bonneagar criticiúil agus dé-úsáide, teicneolaíochtaí lena n-áirítear bonneagar criticiúil fuinnimh, agus réitigh chun earraí agus daoine a rialú ag teorainneacha, teorainneacha a chosaint, slándáil mhuirí, slándáil chustaim agus ullmhacht shibhialta in aghaidh bagairtí slándála, chomh maith le cumais na n-úsáideoirí deiridh ábhartha in earnáil na slándála sibhialta a threisiú.

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Déanfar 7% ar a laghad de na méideanna táscacha a dháiltear de bhun phointí (b), (c), (d) agus (e) a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí ina dtacaítear le forbairt scileanna atá nasctha leis na hearnálacha straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht faoin Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 30. Beidh an leithdháileadh a dháilfear de bhun na chéad fhomhíre nasctha go díreach le hinfheistíochtaí tionsclaíocha tacaithe agus ní fholóidh sé oideachas ginearálta ná bearta neamhghaolmhara sa mhargadh saothair.

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Féadfar cistí ó Shaoráid an Aontais arna bunú faoi Rialachán [XXXX/XXXX] (pleananna CNR) a ghealladh do CEI lena gcaitheamh ar thacaíocht do ghníomhaíochtaí faoi Airteagal 22a 'Tithíocht agus Infheistíochtaí Sóisialta' trí Ionstraim InvestEU CEI. Ní úsáidfear an buiséad dá bhforáiltear in Airteagal 4 den Rialachán seo chun na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú ná chun tacú leo.

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Éascóidh an Coimisiún agus na Ballstáit, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach, comhordú agus comhleanúnachas idir an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnacha maidir le tosaíochtaí comhchoiteanna iomaíochais i bpríomhréimsí roghnaithe agus i dtionscadail a mheastar tábhacht straitéiseach a bheith ag baint leo agus a bhfuil leas na hEorpa i gcoitinne ag baint leo.	2. Éascóidh an Coimisiún agus na Ballstáit, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach, comhordú agus comhleanúnachas idir an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnacha maidir le tosaíochtaí comhchoiteanna iomaíochais i bpríomhréimsí roghnaithe agus i dtionscadail a mheastar tábhacht straitéiseach a bheith ag baint leo agus a bhfuil leas na hEorpa i gcoitinne ag baint leo, lena n-áirítear forbairt scileanna a sholáthar, go háirithe bearta chun tacú le hoibrithe san aistriú cóir.

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Bunófar dámhachtain an tSéala Iomaíochais ar chritéir oibiachtúla, thrédhearcacha agus réamhshainithe. Foilseoidh an Coimisiún modheolaíocht na measúnachta.

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfar coinníollacha breise a leagan amach sa chlár oibre nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana.	2. Féadfar coinníollacha breise a leagan amach sa chlár oibre nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana ***amhail cur le forbairt scileanna is gá chun teicneolaíochtaí straitéiseacha, claochlú tionsclaíoch nó éiceachórais nuálaíochta a chur in úsáid, lena n-áirítear trí oiliúint, gairmoideachas agus gairmoiliúint nó gníomhaíochtaí foghlama ar feadh an tsaoil***.

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) gníomhaíochtaí a bhfuil toirmeasc orthu le dlí an Aontais, leis an dlí idirnáisiúnta is infheidhme, nó leis an dlí náisiúnta sna Ballstáit uile;	(a) gníomhaíochtaí a thoirmisctear le dlí an Aontais, leis an dlí idirnáisiúnta is infheidhme, nó leis an dlí náisiúnta ***nó le comhaontuithe comhchoiteanna*** i ngach Ballstát ***lena n-áirítear gníomhaíochtaí nach gcomhlíonann na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí comhshaoil, shóisialta agus saothair;***

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Díreofar tacaíocht CEI ar theicneolaíochtaí agus earnálacha straitéiseacha a fhorbairt, a mhonarú agus a shaothrú san Aontas, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le gealltanais idirnáisiúnta. Féadfaidh na nósanna imeachta dámhachtana aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 a chur i bhfeidhm chun leasanna slándála straitéiseacha agus eacnamaíocha an Aontais a chosaint, chomh maith le slándáil agus sócmhainní criticiúla agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad.	1. Díreofar tacaíocht CEI ar theicneolaíochtaí agus earnálacha straitéiseacha a fhorbairt, a mhonarú agus a shaothrú san Aontas, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le gealltanais idirnáisiúnta. Cuirfidh na nósanna imeachta dámhachtana aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 i bhfeidhm chun leasanna slándála straitéiseacha agus eacnamaíocha an Aontais a chosaint, chomh maith le slándáil agus sócmhainní criticiúla agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad ***agus chun ardchaighdeáin shóisialta a chinntiú, i gcomhréir le CECS***.

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfar coinníollacha incháilitheachta a leagan amach sa chlár oibre, sna treoirlínte infheistíochta nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana chun iomaíochas an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear cosaint leasanna eacnamaíocha agus uathriail an Aontais i gcás inar gá agus inarb iomchuí, lena n-áirítear cosaint trí choinníollacha fabhracha amhail srianta nó dreasachtaí d'eintitis an Aontais, agus saobhadh an mhargaidh aonair á theorannú ag an am céanna. Féadfaidh na coinníollacha incháilitheachta sin a bheith sna foirmeacha seo a leanas:	2. Leagfar amach coinníollacha incháilitheachta sa chlár oibre, sna treoirlínte infheistíochta nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana chun iomaíochas an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear cosaint leasanna eacnamaíocha, athléimneacht gheilleagar na hEorpa, ***cosaint agus cruthú post ardchaighdeáin*** agus uathriail an Aontais i gcás inar gá agus inarb iomchuí, lena n-áirítear trí choinníollacha fabhracha amhail srianta nó dreasachtaí d'eintitis an Aontais, fad a theorannaítear saobhadh an mhargaidh aonair. Féadfaidh na coinníollacha incháilitheachta sin a bheith sna foirmeacha seo a leanas:

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) srianta rannpháirtíochta agus feidhmíochta lena gceanglaítear ar eintitis rannpháirteacha a bheith bunaithe, saoráidí a úsáid, nó gníomhaíochtaí a dhéanamh sna Ballstáit, agus i gcás inarb iomchuí i dtíortha incháilithe eile. Féadfar tuilleadh sonraí maidir le cur i bhfeidhm na srianta rannpháirtíochta agus feidhmíochta sin a leagan amach sa chlár oibre nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana;	(a) srianta rannpháirtíochta agus feidhmíochta lena gceanglaítear ar eintitis rannpháirteacha a bheith bunaithe, saoráidí a úsáid, gníomhaíochtaí a dhéanamh ***fostaíocht ardchaighdeáin a sholáthar, cur le forbairt scileanna nó gníomhaíochtaí nó oibríochtaí tacaithe*** a chothabháil sna Ballstáit, agus i gcás inarb iomchuí i dtíortha incháilithe eile. Féadfar tuilleadh sonraí maidir le cur i bhfeidhm na srianta rannpháirtíochta agus feidhmíochta sin a leagan amach sa chlár oibre nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana;

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) srianta aistrithe lena gceanglaítear ar fhaighteoirí cistithe ó CEI, le linn nó laistigh de 5 bliana féilire tar éis dheireadh na gníomhaíochta, gan gach oibríocht, toradh nó ceart gaolmhar rochtana agus úsáide, nó oibríocht, toradh nó ceart gaolmhar rochtana agus úsáid ar leith, lena n-áirítear ceadúnais a dheonú, a aistriú go díreach nó go hindíreach ó Bhallstát incháilithe nó ó thír chomhlachaithe chuig tríú tír neamh-incháilithe. Ina mhalairt de chás, féadfar cistiú ón Aontas a laghdú agus féadfar é a aisghabháil go hiomlán nó go páirteach. Féadfar tuilleadh sonraí maidir le cur i bhfeidhm na srianta aistrithe sin a leagan amach sa chlár oibre nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana;	(b) srianta aistrithe lena gceanglaítear ar fhaighteoirí cistiúcháin ó CEI, le linn nó laistigh de 5 bliana féilire tar éis dheireadh na gníomhaíochta, gan gach oibríocht, toradh nó ceart gaolmhar rochtana agus úsáide, nó oibríocht, toradh nó ceart gaolmhar rochtana agus úsáid ar leith, lena n-áirítear deonú ceadúnas, a aistriú, ***a athlonnú ná a chur amach thar lear*** go díreach nó go hindíreach ó Bhallstát incháilithe nó ó thír chomhlachaithe chuig tríú tír neamh-incháilithe. Ina mhalairt de chás, déanfar cistiú ón Aontas a laghdú ***nó*** a aisghabháil go hiomlán nó go páirteach. Féadfar tuilleadh sonraí maidir le cur i bhfeidhm na srianta aistrithe sin a leagan amach sa chlár oibre nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana;

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Téacs gan athrú a áirítear sa chomhréiteach*
(d) tríú tíortha eile.	(d) tríú tíortha eile.

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Téacs gan athrú a áirítear sa chomhréiteach*
(e) cosaint leasanna straitéiseacha, slándála, cosanta agus oird phoiblí an Aontais agus a Bhallstát a áirithiú.	(e) cosaint leasanna straitéiseacha, slándála, cosanta agus oird phoiblí an Aontais agus a Bhallstát a áirithiú.

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) urraim do luachanna an Aontais agus d'oibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí shóisialta agus saothair a chinntiú.
	I gcás ina sáraíonn Comhaontú Comhlachais i gcás rannpháirtíochta i gclár CEI ceann nó níos mó de na coinníollacha dá bhforáiltear sa mhír seo, tarraingeofar siar tacaíocht ó CEI agus déanfar aon acmhainn a leithdháiltear a aisghabháil.

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Is é an Coimisiún a cheapfaidh comhaltaí Bhord Geallsealbhóirí Straitéiseacha CEI, tar éis glao oscailte ar ainmniúcháin nó ar léirithe spéise, nó iad araon, cibé acu is iomchuí leis an gCoimisiún, agus an gá atá le cothromaíocht maidir leis an earnáil, an cineál eagraíochta, lena n-áirítear infheisteoirí príobháideacha, agus an méid, saineolas, inscne, aois agus dáileadh geografach á chur san áireamh. Beidh téarma na gcomhaltaí teoranta do cheithre bliana, ar féidir é a athnuachan aon uair amháin. Ba cheart do chomhaltaí an Bhoird gníomhú le sláine agus le hionracas.	2. Is é an Coimisiún a cheapfaidh comhaltaí Bhord Geallsealbhóirí Straitéiseacha CEI, tar éis glao oscailte ***agus trédhearcach*** ar ainmniúcháin nó ar léirithe spéise, nó iad araon, cibé acu is iomchuí leis an gCoimisiún, agus an gá atá le cothromaíocht san earnáil, sa chineál eagraíochta, lena n-áirítear ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta trastionscail agus earnála ábhartha ar leibhéal an Aontais, eagraíochtaí ionadaíocha FBManna ***agus fiontair shóisialta, geallsealbhóirí oideachais agus oiliúna, údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus*** infheisteoirí príobháideacha, agus méid, saineolas, inscne, aois agus dáileadh geografach á gcur i gcuntas. Beidh téarma na gcomhaltaí teoranta do cheithre bliana, ar féidir é a athnuachan aon uair amháin. Ba cheart do chomhaltaí an Bhoird gníomhú le sláine agus le hionracas.

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Bunóidh an Coimisiún na rialacha mionsonraithe maidir le roghnú agus comhdhéanamh, luach saothair, rialacha nós imeachta, coinbhleachtaí leasa agus rúndacht do Bhord Geallsealbhóirí CEI. Beidh comhaltaí an Bhoird faoi cheangal ag na téarmaí sin.	3. Bunóidh an Coimisiún na rialacha mionsonraithe maidir le roghnú agus comhdhéanamh, luach saothair, rialacha nós imeachta, coinbhleachtaí leasa ***go háirithe a ndearbhú agus a dtrédhearcacht*** agus rúndacht do Bhord Geallsealbhóirí CEI. Beidh comhaltaí an Bhoird faoi cheangal ag na téarmaí sin.

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tabharfaidh Bord Gheallsealbhóirí Straitéiseacha CEI, a fhaigheann eolas ón bhfaireachlann ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, comhairle maidir le treo foriomlán CEI, tabharfaidh sé comhairle maidir le treochtaí iomaíochais fadtéarmacha, tabharfaidh sé comhairle maidir le réimsí ina bhfuil cliseadh margaidh ann agus cásanna infheistíochta fo-optamacha a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu i gcur chun feidhme CEI, agus tabharfaidh sé comhairle maidir le punanna straitéiseacha tionscadal a shainaithint laistigh de ghníomhaíochtaí CEI agus ar fud na ngníomhaíochtaí sin, a bhféadfadh sé a bheith comhdhéanta i bhfoirmíochtaí éagsúla beartas-dhírithe.	4. Tabharfaidh Bord Gheallsealbhóirí Straitéiseacha CEI, a fhaigheann eolas ón bhfaireachlann ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, comhairle ar threo foriomlán CEI ***chun cabhrú sa tslí is fearr le rathúnas inbhuanaithe fadtéarma agus athléimneacht gheilleagar an Aontais, agus go háirithe***, tabharfaidh sé comhairle ar threochtaí iomaíochais fadtéarma, ar réimsí ina bhfuil teip margaidh ann agus cásanna infheistíochta fo-optamacha agus forbairt scileanna go háirithe bearta tionlacain chun tacú le hoibrithe ***in earnálacha nua éiritheacha chomh maith leis*** an aistriú cóir a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu i gcur chun feidhme CEI, agus tabharfaidh sé comhairle ar phunanna straitéiseacha tionscadal a shainaithint laistigh de ghníomhaíochtaí CEI agus ar fud na ngníomhaíochtaí sin, a bhféadfadh sé a bheith comhdhéanta i bhfoirmíochtaí éagsúla beartas-dírithe.

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Téacs gan athrú a áirítear sa chomhréiteach*
5. Bunófar Coiste Infheistíochta neamhspleách faoi Ionstraim InvestEU CEI (an ‘Coiste Infheistíochta’).	5. Bunófar Coiste Infheistíochta neamhspleách faoi Ionstraim InvestEU CEI (an ‘Coiste Infheistíochta’).

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Áiritheofar le comhdhéanamh an Choiste Infheistíochta go mbeidh eolas leathan aige ar na hearnálacha a chumhdaítear le CEI agus go mbeidh eolas leathan aige ar na margaí geografacha san Aontas, agus áiritheofar leis go mbeidh cothromaíocht inscne ag an gCoiste Infheistíochta ina iomláine.	6. Áiritheofar le comhdhéanamh an Choiste Infheistíochta go mbeidh eolas leathan aige ar na hearnálacha agus ar na hionstraimí airgeadais a chumhdaítear le CEI go háirithe maidir le hinfheistíocht shóisialta agus scileanna ***a bhuaileann imscaradh tionsclaíoch agus iomaíochas***, micreamhaoiniú agus fiontair shóisialta agus eolas leathan ar na margaí geografacha san Aontas, agus áiritheofar leis go mbeidh cothromaíocht inscne ag an gCoiste Infheistíochta ina iomláine.

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Téacs gan athrú a áirítear sa chomhréiteach*
11. Áiritheoidh an Coimisiún go rachfar i gcomhairle le geallsealbhóirí agus na cláir oibre á bhforbairt, trí ardán téamach amháin nó níos mó a chruthú in aghaidh an ionú.	11. Áiritheoidh an Coimisiún go rachfar i gcomhairle le geallsealbhóirí agus na cláir oibre á bhforbairt, trí ardán téamach amháin nó níos mó a chruthú in aghaidh an ionú.

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) gníomhaíochtaí agus buiséad gaolmhar ó CEI chomh maith le gníomhaíochtaí a leagtar amach sa chuid thiomnaithe shonrach de na cláir oibre a luaitear i mír 2;	(a) gníomhaíochtaí agus buiséad gaolmhar ó CEI chomh maith le gníomhaíochtaí a leagtar amach ***sna codanna tiomnaithe sonracha*** de na cláir oibre a luaitear i ***míreanna 2 agus 2a***;

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Leis na cláir oibre faoin Rialachán seo, comhtháthófar, i gcuid thiomnaithe shonrach, forbairt scileanna agus gníomhaíochtaí infheistíochta gaolmhara ina dtacaítear le cuspóirí an Rialacháin seo agus lena mbuiséad tiomnaithe, lena n-áiritheofar comhleanúnachas le hAontas na Scileanna.

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Chun imscaradh éifeachtach infheistíochtaí a thacaítear faoin gCiste a áirithiú, ba cheart oiriúnú don lucht saothair agus forbairt scileanna a bheith ag gabháil le hinfheistíocht thionsclaíoch in earnálacha agus i dteicneolaíochtaí straitéiseacha. Féadfaidh acmhainneacht neamhleor lucht saothair teorainn a chur le hionsú agus scálú na nuálaíochta, scrogaill a chruthú in imscaradh tionsclaíoch agus tionchar eacnamaíoch thacaíocht an Aontais a laghdú. Mar sin, cuireann infheistíocht thiomnaithe i scileanna atá nasctha le slabhraí luacha tacaithe go díreach le héifeachtacht, athléimneacht agus iomaíochas fadtéarma na dtionscadal tionsclaíoch a mhaoinítear leis an gCiste.

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Téacs gan athrú a áirítear sa chomhréiteach*
2. Rachaidh Ionstraim InvestEU CEI i ngleic le cásanna de chliseadh margaidh nó le cásanna infheistíochta fo-optamacha. Féadfaidh Ionstraim InvestEU CEI iasachtaí, ráthaíochtaí, frithráthaíochtaí, ionstraimí margaidh caipitil, aon chineál eile cistiúcháin nó feabhsaithe creidmheasa, lena n-áirítear fofhiachas, nó infheistíochtaí cothromais nó cuasachothromais, a sholáthraítear go díreach nó go hindíreach trí idirghabhálaithe airgeadais, cistí, ardáin infheistíochta nó meáin eile a bheidh le tarchur chuig faighteoirí deiridh;	2. Rachaidh Ionstraim InvestEU CEI i ngleic le cásanna de chliseadh margaidh nó le cásanna infheistíochta fo-optamacha. Féadfaidh Ionstraim InvestEU CEI iasachtaí, ráthaíochtaí, frithráthaíochtaí, ionstraimí margaidh caipitil, aon chineál eile cistiúcháin nó feabhsaithe creidmheasa, lena n-áirítear fofhiachas, nó infheistíochtaí cothromais nó cuasachothromais, a sholáthraítear go díreach nó go hindíreach trí idirghabhálaithe airgeadais, cistí, ardáin infheistíochta nó meáin eile a bheidh le tarchur chuig faighteoirí deiridh;

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Saineofar ar bhealach níos mionsonraithe sna treoirlínte infheistíochta arna leagan amach ag an gCoimisiún raon feidhme na hidirghabhála chun tacú leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3. Ullmhófar na treoirlínte infheistíochta i ndlúth-idirphlé leis na comhpháirtithe cur chun feidhme ionchasacha.	5. Saineofar ar bhealach níos mionsonraithe sna treoirlínte infheistíochta arna leagan amach ag an gCoimisiún raon feidhme na hidirghabhála chun tacú leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3. Ullmhófar na treoirlínte infheistíochta i ndlúth-idirphlé leis an gcoiste infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 14 ***agus*** leis na comhpháirtithe cur chun feidhme ionchasacha.

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tacaíocht do ghnólachtaí atá i mbun fáis agus do ghnólachtaí nuathionscanta	Tacaíocht do ***ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá i mbun fáis agus***

d'fhiontair shóisialta

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Feidhmeoidh Ionstraim InvestEU CEI mar ardán comhtháite an Aontais chun tacaíocht airgeadais spriocdhírithe a chur ar fáil do chuideachtaí i ngach céim den fhorbairt, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá i mbun fáis, lena n-áirítear cuideachtaí a shaothraíonn imlonnú ó thaobh na monaraíochta, na tionsclaíochta agus an mhargaidh de ar bhonn gníomhach. Áiritheoidh sé gur féidir le cuideachtaí Eorpacha ardacmhainneachta a fhorbraíonn nó a úsáideann réitigh nuálacha rochtain a fháil ar an gcaipiteal agus ar na hacmhainní chun fás san Aontas, rud a neartóidh comhtháthú an Mhargaidh Aonair agus an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta.	1. Feidhmeoidh Ionstraim InvestEU CEI mar ardán comhtháite an Aontais chun tacaíocht airgeadais spriocdhírithe a chur ar fáil do chuideachtaí i ngach céim den fhorbairt***, lena n-áirítear*** gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis ***agus fiontair shóisialta nuálacha,*** lena n-áirítear na cinn sin a shaothraíonn imlonnú ó thaobh na monaraíochta, na tionsclaíochta agus an mhargaidh de ar bhonn gníomhach. Áiritheoidh sé gur féidir le cuideachtaí Eorpacha ardacmhainneachta a fhorbraíonn nó a úsáideann réitigh nuálacha rochtain a fháil ar an gcaipiteal agus ar na hacmhainní chun fás san Aontas, rud a neartóidh comhtháthú an Mhargaidh Aonair agus an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta. ***Tabharfar aird ar leith ar ghnóthaí agus ar eagraíochtaí atá fréamhaithe in éiceachórais eacnamaíocha áitiúla agus réigiúnacha, lena n-áirítear fiontair shóisialta, a chuireann leis an nuálaíocht, le cruthú post agus le forbairt eacnamaíoch réigiúnach.***

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, saoráid um méadú a fhorbairt i gcomhar le Grúpa BEI, le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile agus le Bainc Náisiúnta le haghaidh Spreagadh.	2. Déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, saoráid um méadú a fhorbairt i gcomhar le Grúpa BEI, le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile agus le Bainc Náisiúnta le haghaidh Spreagadh.

Soláthróidh an tsaoráid, ar bhealach comhordaithe agus comhsheasmhach, tacar cuimsitheach uirlisí maoinithe a bheidh saincheaptha do riachtanais uathúla na ngnólachtaí atá i mbun fáis, lena n-áirítear cothromas indíreach agus díreach agus cuasachothromas, fiachas fiontair, iasachtaí, ráthaíochtaí agus maoiniú cumaiscthe, d'fhonn infheisteoirí príobháideacha a mhealladh chun tacú le maoiniú uas-scálaithe agus chun roghanna scoir a éascú. Díreofar leis an tsaoráid ar FBManna agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe.	Soláthróidh an tsaoráid, ar bhealach comhordaithe agus comhsheasmhach, tacar cuimsitheach uirlisí maoinithe a bheidh saincheaptha do riachtanais uathúla na ngnólachtaí atá i mbun fáis ***agus fiontar sóisialta nuálach ina bhfuil acmhainneacht ard fáis***, lena n-áirítear cothromas indíreach agus díreach agus cuasachothromas, fiachas fiontair, iasachtaí, ráthaíochtaí agus maoiniú cumaiscthe, d'fhonn infheisteoirí príobháideacha a mhealladh chun tacú le maoiniú uas-scálaithe agus chun roghanna scoir a éascú. Díreofar leis an tsaoráid ar FBManna agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe.

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfaidh sé infheistíocht phoiblí a ghiaráil chun sreafaí caipitil substaintiúla príobháideacha agus institiúideacha a spreagadh, amhail sreafaí caipitil ó chistí cothromais phríobháidigh, corparáidí, cistí pinsin, cuideachtaí árachais, agus infheisteoirí fadtéarmacha eile, rud a neartóidh margaí caipitil na hEorpa agus a chothóidh fás inbhuanaithe cuideachtaí atá i mbun fáis.	4. Déanfaidh sé infheistíocht phoiblí a ghiaráil chun sreafaí caipitil substaintiúla príobháideacha agus institiúideacha a spreagadh, amhail sreafaí caipitil ó chistí cothromais phríobháidigh, corparáidí, cistí pinsin, cuideachtaí árachais, agus infheisteoirí fadtéarmacha eile, rud a neartóidh margaí caipitil na hEorpa agus a chothóidh fás inbhuanaithe cuideachtaí atá i mbun fáis ***agus fiontar nuálach eacnamaíochta sóisialta a chuireann le hathléimneacht slabhraí luacha réigiúnacha agus le fás eacnamaíoch cuimsitheach***.

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 22a
	Tithíocht agus Infheistíochtaí Sóisialta
	Féadfaidh ionstraim InvestEU CEI tacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas trí úsáid a bhaint as cistí ón tSaoráid AE arna bunú faoi Rialachán [XXXX/XXXX] (NRPPanna): Tacaíocht d'infheistíochtaí sóisialta, lena gcuimsítear an micreamhaoiniú, maoiniú na bhfiontar sóisialta, an geilleagar sóisialta agus bearta chun an comhionannas inscne a chur chun cinn, scileanna, oideachas, oiliúint agus seirbhísí gaolmhara, an bonneagar sóisialta, lena n-áirítear an bonneagar sláinte agus oideachais agus an tithíocht shóisialta agus an tithíocht do mhic léinn, an nuálaíocht shóisialta, an tsláinte agus an cúram fadtéarmach, an cuimsiú agus an inrochtaineacht, gníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha a bhfuil cuspóir sóisialta leo, agus lánpháirtiú daoine leochaileacha, lena n-áirítear náisiúnaigh tríú tír.

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) seirbhísí cóitseála agus luathaithe gnó lena ndírítear ar thairbhithe féideartha CEI agus ar thionscnóirí tionscadail eile, lena n-áirítear FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis, tacú lena rochtain ar chistiú agus ar mhaoiniú ó CEI agus í a éascú, agus meaitseáil le hinfheisteoirí príobháideacha a éascú agus litearthacht airgeadais fiontraithe a chur chun cinn, lena n-áirítear	(b) seirbhísí cóitseála agus luathaithe gnó lena ndírítear ar thairbhithe féideartha CEI agus ar thionscnóirí tionscadail eile, lena n-áirítear FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus meánchaipitlithe, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis ***agus fiontair shóisialta leis an aidhm*** tacú lena rochtain ar chistiú agus ar mhaoiniú ó CEI agus í a éascú, agus meaitseáil le hinfheisteoirí príobháideacha

tuiscint ar na deiseanna a chuirtear ar fáil le maoiniú atá bunaithe ar an margadh caipitil;	a éascú agus litearthacht airgeadais fiontraithe a chur chun cinn, lena n-áirítear tuiscint ar na deiseanna a chuirtear ar fáil le maoiniú atá bunaithe ar an margadh caipitil;

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tacóidh comhairleoireacht tionscadail, i measc nithe eile, le píblínte tionscadal a ghiniúint agus le tionscadail infheistíochta ionchasacha a fhorbairt faoi Ionstraim InvestEU CEI agus rannchuideoidh sé lena bhforbairt bhreise. Comhoibreoidh comhairle tionscadail freisin le comhghuaillíochtaí tionsclaíocha agus le braislí Eorpacha. Beidh comhairle faoin tionscadal ar fáil faoi gach ionú beartais dá dtagraítear, lena gcumhdaítear earnálacha faoin ionú sin. Ina theannta sin, féadfaidh tacaíocht chomhairleach cuspóirí ginearálta agus gníomhaíochtaí trasearnálacha a chumhdach.	3. Tacóidh comhairleoireacht tionscadail, i measc nithe eile, le píblínte tionscadal a ghiniúint agus le tionscadail infheistíochta ionchasacha a fhorbairt faoi Ionstraim InvestEU CEI agus rannchuideoidh sé lena bhforbairt bhreise. Comhoibreoidh comhairle tionscadail freisin le comhghuaillíochtaí tionsclaíocha agus le braislí Eorpacha. Beidh comhairle faoin tionscadal ar fáil faoi gach ionú beartais dá dtagraítear, lena gcumhdaítear earnálacha faoin ionú sin. Ina theannta sin, féadfar cuspóirí ginearálta agus gníomhaíochtaí trasearnálacha a chumhdach le tacaíocht chomhairleach, ***go háirithe maidir le hinfheistíocht i scileanna agus forbairt scileanna, lena n-áirítear bearta chun tacú le hoibrithe san aistriú cóir***.

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Bunófar Líonra ‘An tAontas ar son an Ghnó’ chun cabhrú le gnólachtaí an Aontais a bheith níos iomaíche agus níos nuálaí, agus chun fás agus uas-scálú sa Mhargadh Aonair agus níos faide i gcéin, agus béim ar leith á leagan ar FBManna, ar ghnólachtaí nuathionscanta, ar ghnólachtaí	1. Bunófar Líonra ‘An tAontas ar son an Ghnó’ chun cabhrú le gnólachtaí an Aontais a bheith níos iomaíche agus níos nuálaí, agus chun fás agus uas-scálú sa Mhargadh Aonair agus níos faide i gcéin, agus béim ar leith á leagan ar FBManna***, ar fhiontair shóisialta***, ar ghnólachtaí

atá i mbun fáis agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga. Beidh cumhdach uile-Aontais agus atá cothrom ó thaobh geografaíochta de ag an líonra, agus sainiúlachtaí chineálacha uile na réigiún san Aontas á gcur san áireamh, lena n-áirítear na réigiúin bheagfhorbartha agus na réigiúin is forimeallaí san Aontas.

nuathionscanta, ar ghnólachtaí atá i mbun fáis agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga. Beidh cumhdach uile-Aontais agus atá cothrom ó thaobh geografaíochta de ag an líonra, agus sainiúlachtaí chineálacha uile na réigiún san Aontas á gcur i gcuntas, lena n-áirítear na réigiúin bheagfhorbartha agus na réigiúin is forimeallaí san Aontas.

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) tacaíocht agus cúnamh le haghaidh rochtain ar theicneolaíochtaí, ar bhonneagar teicneolaíochta agus ar shaoráidí teicneolaíochta, tacú le glacadh na nuálaíochta sa mhargadh agus tacú le heagraíochtaí gnó, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis, chun páirt a ghlacadh in ardáin chomhoibríocha agus in earnálacha comhoibríocha;	(c) tacaíocht agus cúnamh le haghaidh rochtain ar theicneolaíochtaí, ar bhonneagar teicneolaíochta agus ar shaoráidí teicneolaíochta, tacú le glacadh na nuálaíochta sa mhargadh agus tacú le heagraíochtaí gnó, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis, ***chomh maith le fiontair shóisialta,*** chun páirt a ghlacadh in ardáin chomhoibríocha agus in earnálacha comhoibríocha;

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Téacs gan athrú a áirítear sa chomhréiteach*
(e) rochtain agus infhaighteacht airgeadais a mhéadú do FBManna, lena n-áirítear micreamhaoiniú agus tacaíocht d'fhiontair shóisialta, agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga;	(e) rochtain agus infhaighteacht airgeadais a mhéadú do FBManna, lena n-áirítear micreamhaoiniú agus tacaíocht d'fhiontair shóisialta, agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga;

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) Comhairle agus tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí, go háirithe FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, maidir le forbairt scileanna agus infheistíochtaí, go háirithe faisnéis scileanna, pleanáil um aistriú cóir, uas-sciliú agus athsciliú spriocdhírithe agus úsáid comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí le, inter alia, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna agus ardoideachais;

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó do FBManna agus deiseanna nua gnó do FBManna a chur chun cinn trí thacú le luachshocrú maoine intleachtúla, socrú caighdeán agus soláthar poiblí, i measc nithe eile;	(g) ***timpeallacht ghnó fhabhrach a chothú*** do FBManna ***agus d'fhiontair shóisialta*** agus deiseanna nua gnó do FBManna ***agus d'fhiontair shóisialta*** a chur chun cinn trí thacú le luachshocrú maoine intleachtúla, socrú caighdeán agus soláthar poiblí, i measc nithe eile;

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) fiontraíocht a chur chun cinn, lena n-áirítear fiontraíocht na mban agus na hóige agus sealbhú scileanna fiontraíochta agus gnó.	(h) fiontraíocht ***agus cultúr fiontraíochta*** a chur chun cinn, lena n-áirítear fiontraíocht na mban agus na hóige agus sealbhú scileanna fiontraíochta agus

gnó.

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gníomhaíochtaí tiomnaithe FBM chun rannpháirtíocht FBManna a mhéadú	Gníomhaíochtaí tiomnaithe FBM ***agus fiontar sóisialta*** chun rannpháirtíocht FBManna ***agus fiontar sóisialta*** a mhéadú

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tacóidh gach ionú le gníomhaíochtaí tiomnaithe earnáilsonracha lena ndíreofar ar ghnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga nó ar ghlaonna ar FBManna in earnálacha straitéiseacha d'fhonn nuálaíocht, luathú gnó, tráchtálú agus uas-scálú a chothú.	1. Tacóidh gach ionú le gníomhaíochtaí tiomnaithe earnáilsonracha lena ndíreofar ar ghnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga ***chun oscailt slabhraí soláthair a éascú do na cuideachtaí agus do na fiontair shóisialta sin chun glaonna a bhunú*** ar FBManna in earnálacha straitéiseacha d'fhonn nuálaíocht, luathú gnó, tráchtálú agus uas-scálú a chothú.

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Maoineoidh CEI gníomhaíochtaí a thacaíonn le forbairt scileanna, go háirithe sna hearnálacha straitéiseacha, ag tógáil nasc láidir idir soláthraithe ardoideachais, gairmoideachais agus gairmoiliúna, taighde feidhmeach agus gnólachtaí ar mhaithe le	1. Maoineoidh CEI gníomhaíochtaí ***agus infheistíochtaí a neartaíonn bonn*** scileanna ***an Aontais***, go háirithe sna hearnálacha straitéiseacha, ***lena n-áiritheofar go mbeidh*** lucht saothair ***ardoilte ar fáil a bheidh ábalta tacú leis***

geilleagar sofhreagrúil, nuálach agus iomaíoch. Áireofar leis sin tacaíocht do Ráthaíocht Eorpach Scileanna chun tacú le haistrithe sa slabhra luacha i bhfabhar earnálacha nó gairmeacha straitéiseacha fáis ar fud mhargadh an tsaothair trí uas-sciliú agus athsciliú an lucht saothair agus comhpháirtíochtaí Gairmoideachais agus Gairmoiliúna (VET) chun an comhar idir soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna agus gnólachtaí a neartú, go háirithe FBManna agus iad a nascadh le héiceachórais thionsclaíocha réigiúnacha.

na cuspóirí ginearálta agus sonracha a bhunaítear in Airteagal 3 d'fhonn comhleanúnachas le hAontas na Scileanna a áirithiú, cur le fostaíocht ardcháilíochta, forbairt thionsclaíoch inbhuanaithe agus nuachóirithe agus gníomhaíocht thionsclaíoch, cumais theicneolaíocha agus acmhainneacht tháirgiúil a choinneáil ar bun laistigh den Aontas.

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Áireofar ar an tacaíocht le forbairt scileanna:
	(a) comhpháirtíochtaí struchtúrtha agus inbhuanaithe a thógáil idir institiúidí ardoideachais, go háirithe trí Chomhghuaillíochtaí Ollscoile, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET), eagraíochtaí taighde fheidhmigh, eagraíochtaí ionadaíocha oibrithe lena n-áirítear ceardchumainn agus gnólachtaí, go háirithe FBManna, chun oideachas, taighde, nuálaíocht agus comhar tionsclaíoch a chomhtháthú ar fud na mBallstát agus chun conairí a shainaithint agus a fhorbairt chun na scileanna, an oiliúint agus na bearta cumasúcháin tionlacain is gá le haghaidh geilleagar solúbtha, nuálach agus iomaíoch a sholáthar agus iad a nascadh le héiceachórais thionsclaíocha réigiúnacha.
	(b) bearta le haghaidh uas-sciliú agus athsciliú spriocdhírithe ar mhórscála an lucht saothair, oiliúint inrochtana ardcháilíochta agus bearta cumasúcháin tionlacain, go háirithe in earnálacha

straitéiseacha, lena n-áirítear tacaíocht do Ráthaíocht Eorpach Scileanna chun cabhrú le hoibrithe dá ndéanann aistrithe sa slabhra luacha difear le haistrithe ó phost go post laistigh de shlabhraí luacha in earnálacha nó gairmeacha beatha straitéiseacha fáis ar fud mhargadh an tsaothair sa tslí sin cur le haistriú atá cothrom agus cuimsitheach go sóisialta.

(c) tacú le hionchasú riachtanas scileanna agus a áirithiú go léireofar le soláthar oiliúna éileamh iarbhír agus réamh-mheasta an mhargaidh saothair trí chórais faisnéise scileanna earnáilsonracha, arna bhforbairt i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta earnála ábhartha Eorpacha agus leis an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop);

(d) creataí comhchoiteanna inniúlachta a fhorbairt le haghaidh príomhghairmeacha teicniúla in earnálacha straitéiseacha, ailínithe leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF) agus ag tógáil ar na creataí tagartha earnála láithreacha a forbraíodh faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gclár Erasmus+;

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit comhordú, comhlántacht agus sineirgí éifeachtacha le gníomhaíochtaí lena dtacaítear faoi ionstraimí eile an Aontais i réimse na forbartha scileanna, go háirithe na gníomhaíochtaí sin a mhaoinítear tríd an mbeartas comhtháthaithe ina seachnaítear dúbláil agus ina gcinntítear breisíocht.

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1c. Leis na bearta lena dtacaítear faoin Airteagal seo, déanfar, i gcás inarb ábhartha, scileanna agus oiliúint inrochtana ardcháilíochta a chur chun cinn agus cuirfear i gcuntas na bacainní sonracha atá roimh oibrithe leochaileacha, oibrithe i réigiúin bheagfhorbartha, chomh maith le hoibrithe in earnálacha ina bhfuil nochtadh suntasach d'aistriú tionsclaíoch. Áiritheofar le bearta freisin go n-urramófar an t-idirphlé sóisialta idir na comhpháirtithe sóisialta maidir le módúlachtaí na ndeiseanna oiliúna atá ailínithe le riachtanais mhargadh an tsaothair agus a urramaíonn an chothromaíocht oibre is saoil. Déanfar an tacaíocht a chuíchóiriú chun an t-ualach riaracháin ar FBManna atá rannpháirteach i scéimeanna printíseachta agus dé-oideachais a íoslaghdú.

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Maoineofar tacaíocht do ghníomhaíochtaí faoin gcaibidil seo as an mbuiséad a leagtar amach in Airteagal 4, agus as aon ranníocaíocht breise arna sannadh i gcomhréir le hAirteagal 5.	2. Maoineofar tacaíocht do ghníomhaíochtaí faoin gcaibidil seo as an mbuiséad a leagtar amach in Airteagal 4 ***(2), pointe (b),*** agus as aon ranníocaíocht breise arna sannadh i gcomhréir le hAirteagal 5.

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 –mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) Tacaíocht d'fhorbairt na scileanna atá nasctha le hearnáil an athchóirithe agus na tógála atá tíosach ar fhuinneamh, lena n-áirítear oiliúint, uas-sciliú agus athsciliú an lucht saothair i réimsí amhail éifeachtúlacht fuinnimh, comhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus córais éifeachtúla téimh agus fuaraithe. Ba cheart do na gníomhaíochtaí cabhrú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair, bochtaineacht fuinnimh a laghdú do theaghlaigh leochaileacha, feabhas a chur ar sholáthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne, tacú le fostaíocht ardcháilíochta agus an lucht saothair is gá don aistriú glan a neartú.

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Maoineofar tacaíocht do ghníomhaíochtaí faoin gcaibidil seo as an mbuiséad a leagtar amach in Airteagal 4(2), agus as aon ranníocaíocht breise arna sannadh i gcomhréir le hAirteagal 5.	2. Maoineofar tacaíocht do ghníomhaíochtaí faoin gcaibidil seo as an mbuiséad a leagtar amach in Airteagal 4(2)***, pointe (c)***, agus as aon ranníocaíocht breise arna sannadh i gcomhréir le hAirteagal 5.

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) An tsláinte a fheabhsú agus a chosaint, lena n-áirítear sláinte trasteorann, trí thosaíocht a thabhairt do chur chun cinn na sláinte agus do chosc galar ar feadh an	(a) An tsláinte a fheabhsú agus a chosaint, lena n-áirítear sláinte trasteorann, trí thosaíocht a thabhairt do chur chun cinn na sláinte agus do chosc galar ar feadh an

tsaoil trí chur chuige cúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais agus cur chuige na hAon Sláinte Amháin, agus béim ar leith á leagan ar ghalair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha, lena n-áirítear meabhairshláinte, sláinte mheathlaitheach, uathachas, galair chardashoithíocha, ailse agus galair neamhtheagmhálacha eile, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le truailliú agus sláinte ghnéis agus atáirgthe, agus tionscnaimh agus comhar idirnáisiúnta sláinte a fheabhsú.	tsaoil trí chur chuige cúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais agus cur chuige na hAon Sláinte Amháin, agus béim ar leith á leagan ar ghalair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha, lena n-áirítear meabhairshláinte, ***an tsláinte agus an tsábháilteacht cheirde, lena n-áirítear an tsláinte shíceasóisialta, míchumais,*** an tsláinte mheathlúcháin, an t-uathachas, galair chardashoithíocha, ailse agus galair neamhtheagmhálacha eile, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le truailliú, sláinte ghnéis agus atáirgthe agus tionscnaimh agus comhar idirnáisiúnta sláinte a fheabhsú.

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) Earnáil bhithgheilleagair nuálach agus iomaíoch a chothú san Aontas, lena n-áirítear i réimsí na bith-theicneolaíochta sláinte, na n-ábhar agus na dtáirgí bithbhunaithe, luach a chur ar iarmhair feirme agus foraoise, táirgí atá diúltach ó thaobh carbóin de, bithmhonaraíocht agus bithcheimiceáin, go háirithe trí thacú le nuálaíochtaí bithgheilleagair a aimsiú, a fhorbairt, a dhí-rioscú, a thaispeáint, a úsáid ar bhonn píolótach agus a uas-scálú; trí dhlús a chur le hábhar bithbhunaithe ón talmhaíocht agus ón bhforaoiseacht agus réitigh bhithgheilleagair a thabhairt isteach ar an margadh agus a ghlacadh ar an margadh; trí shlabhraí luacha atá ag teacht chun cinn a neartú; ***trí lucht saothair oilte a fhorbairt, trí rochtain ar mhaoiniú agus ar thacaíocht eile a chur ar fáil do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá ag méadú agus do nuálaithe.***	(f) Earnáil bhithgheilleagair nuálach agus iomaíoch a chothú san Aontas, lena n-áirítear i réimsí na bith-theicneolaíochta sláinte, na n-ábhar agus na dtáirgí bithbhunaithe, luach a chur ar iarmhair feirme agus foraoise, táirgí atá diúltach ó thaobh carbóin de, bithmhonaraíocht agus bithcheimiceáin, go háirithe trí thacú le nuálaíochtaí bithgheilleagair a aimsiú, a fhorbairt, a dhí-rioscú, a thaispeáint, a úsáid ar bhonn píolótach agus a uas-scálú; trí dhlús a chur le hábhar bithbhunaithe ón talmhaíocht agus ón bhforaoiseacht agus réitigh bhithgheilleagair a thabhairt isteach ar an margadh agus a ghlacadh ar an margadh; trí shlabhraí luacha atá ag teacht chun cinn a neartú;

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) lucht saothair oilte a thógáil chun freastal ar riachtanais athraitheacha na n-earnálacha lena mbaineann, trí rochtain ar mhaoiniú agus ar thacaíocht eile a sholáthar do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá i mbun fáis agus d'infheisteoirí, trí chomhroinnt eolais agus malartú dea-chleachtas a éascú agus trí scileanna agus cláir oiliúna idirdhisciplíneacha a chur chun cinn;

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Ceannasacht theicneolaíoch a bhaint amach trí éiceachórais dhigiteacha athléimneacha a thógáil, lena n-áirítear ardscileanna digiteacha, agus ardleibhéal cibearshlándála a áirithiú san Aontas. Cuimseofar leis an gcur chun feidhme éiceachóras tarraingteach a chruthú do chuideachtaí nuálacha suaiteacha, FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, agus freisin do cheannairí tionscail atá ag teacht chun cinn san earnáil dhigiteach chun go mbeidh siad in ann fanacht agus fás san Aontas agus rath a bhaint amach ann, tacú leo a margaí a mhéadú agus a leathnú, lena n-áirítear trí sholáthar, agus rannchuidiú le ceannasacht dhigiteach an Aontais, agus béim á leagan ar aghaidh a thabhairt ar chastacht na slabhraí luacha teicneolaíochta, caighdeánú, slándáil soláthair ardteicneolaíochtaí digiteacha, bonneagar agus seirbhísí, acmhainneachtaí	(b) Ceannasacht theicneolaíoch a bhaint amach trí éiceachórais dhigiteacha athléimneacha a thógáil, lena n-áirítear ardscileanna digiteacha, agus ardleibhéal cibearshlándála a áirithiú san Aontas. Cuimseofar leis an gcur chun feidhme éiceachóras tarraingteach a chruthú do chuideachtaí nuálacha suaiteacha, FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, agus freisin do cheannairí tionscail atá ag teacht chun cinn san earnáil dhigiteach chun go mbeidh siad in ann fanacht agus fás san Aontas agus rath a bhaint amach ann, tacú leo a margaí a mhéadú agus a leathnú, lena n-áirítear trí sholáthar, agus rannchuidiú le ceannasacht dhigiteach an Aontais, agus béim á leagan ar aghaidh a thabhairt ar chastacht na slabhraí luacha teicneolaíochta, caighdeánú, slándáil soláthair ardteicneolaíochtaí digiteacha, bonneagar agus seirbhísí, acmhainneachtaí

riachtanacha, lena n-áirítear monaraíocht, acmhainneacht táirgeachta, agus ardscileanna digiteacha san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon, ach ní bheidh an cur chun feidhme teoranta do na nithe sin.	riachtanacha, lena n-áirítear monaraíocht, acmhainneacht táirgeachta, agus uas-sciliú spriocdhírithe, athsciliú agus ardscileanna digiteacha don lucht saothair san earnáil phríobháideach agus phoiblí araon ***d'fhonn tacú le fostaíocht ardchaighdeáin agus le cuimsiú digiteach,*** ach ní bheidh sé teoranta do na nithe sin.

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) Gníomhaíochtaí tacaíochta maidir le forbairt, cur chun feidhme, faireachán nó forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais. Cuimsítear leis sin tacú leis na hinstitiúidí ábhartha, an comhar idir na húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara, staidéir, uirlisí agus bonneagair a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear bonneagar agus uirlisí TF.	(e) Gníomhaíochtaí tacaíochta maidir le forbairt, cur chun feidhme, faireachán nó forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais. Cuimsítear leis sin tacú leis na hinstitiúidí ábhartha, an comhar idir na húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara, ***go háirithe le páirtnéirí sóisialta,*** staidéir, uirlisí agus bonneagair a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear bonneagar agus uirlisí TF.

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 80 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Taighde agus nuálaíocht, uas-scálú, tacaíocht do FBManna, forbairt scileanna, agus gníomhaíochtaí monaraíochta;	(a) Taighde agus nuálaíocht, uas-scálú, tacaíocht do FBManna, forbairt scileanna, ***go háirithe i gcosaint shibhialta agus ullmhacht,*** agus gníomhaíochtaí monaraíochta;

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasmhara a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta éigeantach
European Trade Union Confederation (ETUC)
SMEunited
European Commission
Bureau Sud – Aix-en-Provence

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don mheasúnú buiséadach go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

AN NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas (‘CEI’), lena n-áirítear an clár sonrach maidir le taighde agus gníomhaíochtaí nuálaíochta i réimse na cosanta
Tagairtí	COM(2025)0555 – C10-0165/2025 – 2025/0555(COD)
An Coiste Freagrach / Na Coistí Freagracha Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 23.10.2025
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	EMPL 23.10.2025
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Grégory Allione 18.12.2025
Pléite sa choiste	17.3.2026
Dáta an ghlactha	6.5.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 26 –: 10 0: 19

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

26	+
Grúpa Pháirtí an Phobail Eorpaigh (PPE)	Maravillas Abadía Jover, Andrzej Buła, David Casa, Salvatore De Meo, Loucas Fourlas, Niels Geuking, Sérgio Humberto, Martine Kemp, Miriam Lexmann, Jagna Marczułajtis-Walczak, Dennis Radtke, Liesbet Sommen, Romana Tomc, Axel Voss, Angelika Winzig
An Grúpa Renew	Grégory Allione, Valérie Devaux, Elisabetta Gualmini, Michael McNamara, Hristo Petrov
An Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa (S&D)	Birgit Sippel, Marianne Vind
Na Glasaigh/SCE	Katrin Langensiepen, Maria Ohisalo, Nela Riehl, Benedetta Scuderi

10	-
An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa	Kosma Złotowski
NI	Jan-Peter Warnke
TdE	Margarita de la Pisa Carrión, Pál Szekeres
An Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa (S&D)	Gabriele Bischoff
An Chlé	Li Andersson, Leila Chaibi, Per Clausen, Rudi Kennes, João Oliveira

19	0
An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa	Elena Donazzan, Chiara Gemma, Georgiana Teodorescu, Francesco Torselli, Mariateresa Vivaldini
ENC	Petar Volgin
Grúpa Pháirtí an Phobail Eorpaigh (PPE)	Pascal Arimont
TdE	Mélanie Disdier, Angéline Furet, Séverine Werbrouck

An Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa (S&D)	Vilija Blinkevičiūtė, Estelle Ceulemans, Johan Danielsson, Matthias Ecke, Isilda Gomes, Alicia Homs Ginel, Marit Maij, Idoia Mendia, Aodhán Ó Ríordáin

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : in aghaidh
0 : staonadh